

Plean Forbartha Chathair Chorcaí 2022 – 2028

Imleabhar 3 Cuspóirí um Oidhreacht Thógtha



Comhairle Cathrach Chorcaí
Cork City Council





Clár na nÁbhar

RéamhráLeathanach 2

Cuid 1 **Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (ACAnna)** Leathanach 7

Cuid 2 **Taifead ar Dhéanmhais Chosanta** Leathanach 123

Cuid 3 **Taifead na Séadchomharthaí agus na nÁiteanna** Leathanach 173

Cuid 4 **Creat Bainistíochta Radhairc** Leathanach 193



Réamhrá

Cad is Oidhreacht Thógtha ann agus conas a chosnaítear í?

1.1

Tá saibhreas mór d'oidhreacht thógtha le fáil i gCathair Chorcaí, lena n-áirítear foirgnimh stairiúla, struchtúir, séadchomharthaí, seandálaíocht agus limistéir chaomhantais. Rinneadh an oidhreacht thógtha a fhorbairt le linn na gcéadta bliain agus is freagairt í don tírdhreach, d'acmhainní, do thionchair agus do ghníomhaíochtaí. Cuidíonn sí le braistint áite a chruthú agus bíonn ár gcomharsanachtaí saineúil dá bharr. Is acmhainn luachmhar í an oidhreacht thógtha de chathair Chorcaí, toisc go dtagann na foirgnimh, na sráideanna agus na céanna le chéile chun léiriú uathúil féin a thabhairt don Chathair. Tá freagracht orainn go léir ár bhfoirgnimh stairiúla a chosaint, a chaomhnú agus a úsáid go híogair. Oibreoidh Comhairle Cathrach Chorcaí le páirtithe leasmhara ábhartha chun uasghrádú a dhéanamh ar fhoirgnimh stairiúla agus iad a oiriúnú d'úsáidí an lae inniu agus chun foirgnimh a chosaint ar thionchar an athraithe aeráide. Cosnaítear an oidhreacht thógtha i gCathair Chorcaí ar dhá bhealach: (1) Taifead ar Dhéanmhais Chosanta agus (2) Limistéir Chaomhantais Ailtireachta.

Cad is Déanmhas Cosanta ann?

1.2

Is foirgneamh é Déanmhas Cosanta atá aitheanta ag Comhairle Cathrach Chorcaí mar fhoirgneamh a bhfuil sainspéis ailtireachta, staire, seandálaíochta, ealaíonta, cultúrtha, eolaíochta, sóisialta nó teicniúil aige ag baint leis agus atá san áireamh ar Thaifead Chomhairle Cathrach Chorcaí ar Dhéanmhais Chosanta, atá mar chuid den Phlean Forbartha. Tá thart ar 1,200 foirgneamh i dTaifead ar Dhéanmhais Chosanta de chuid Chomhairle Cathrach Chorcaí faoi láthair. Nuair a ainmnítear foirgneamh mar Dhéanmhas Cosanta, tá sé cosanta faoi Chuid IV den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 arna leasú. Ciallaíonn sé seo go bhfuil freagracht ar úinéirí agus áititheoirí a chinntiú nach bhfuil an struchtúr nó aon ghné de dhéanmhas cosanta i mbaol. D'fhéadfadh go mbeadh cead pleanála ag teastáil ó roinnt oibreacha ar dhéanmhais chosanta a d'fhéadfadh a bheith ina bhforbairt dhíolmhaithe murach sin – lena n-áirítear, mar shampla, fuinneoga nó doirse bunaidh a athsholáthar. Mar sin féin, tá scóip shuntasach ann chun Déanmhas Cosanta a mhodhnú (mar shampla, suiteáil seirbhísí nua, feistis nua don seomra folctha nó don chistin, srl.) gan cur isteach ar a charachtar speisialta.

1.3

Bíonn Rannóg Caomhantais de Chomhairle Cathrach Chorcaí ar fáil i gcónaí chun treoir a sholáthar agus aon cheist a fhreagairt. Féadfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí breisithe nó scriosadh a dhéanamh óna Taifead ar Dhéanmhais Chosanta ag aon am eile trí nósanna imeachta forordaithe a leanúint. Is feidhm fhorchoimeádta do Chomhairle Tofa na Comhairle é cur le Taifead ar Dhéanmhais Chosanta nó foirgneamh a bhaint as.

Cad is Limistéar Caomhantais Ailtireachta ann?

1.4

Is bealach é limistéar a ainmniú mar Limistéar Caomhantais Ailtireachta (ACA) faoi na hAchtanna Pleanála chun an carachtar de limistéir stairiúla Chorcaí a chosaint. Is í an aidhm a dtréithe speisialta agus a ngnéithe saineúla a chosaint agus forbairt oiriúnach chomhaimseartha á spreagadh ag an am céanna. D'fhéadfadh go mbeadh cead pleanála ag teastáil ó roinnt oibreacha ar fhoirgnimh i Limistéar Caomhantais Ailtireachta, cibé Déanmhas Cosanta é nó nach é, a d'fhéadfadh a bheith ina bhforbairt dhíolmhaithe de ghnáth murach sin: d'fhéadfadh go mbeadh gá le cead pleanála chun fuinneoga nó doirse a athchur, pábháil stairiúil a athrú nó ráillí oibre iarainn a athsholáthar.

1.5

Bíonn Rannóg Caomhantais de Chomhairle Cathrach Chorcaí ar fáil i gcónaí chun treoir a sholáthar agus chun aon cheist a fhreagairt ina leith seo. Tá liosta de na Limistéir Chaomhantais Ailtireachta agus cur síos ar gach ceann díobh san áireamh thíos san Imleabhar seo agus is cuid den Phlean Forbartha iad.

Cuspóirí um Oidhreacht Thógtha sa Phlean Forbartha

1.6

Tá an Imleabhar seo mar chuid den Déacht-Phlean Forbartha Chathair Chorcaí 2022-2028 foriomlán agus léirítear na ceanglais reachtúla maidir lenár n-oidhreacht thógtha.

Tá 4 chuid san Imleabhar seo:

1. Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (ar fáil ar líne anseo: www.corkcity.ie)
2. Taifead ar Dhéanmhais Chosanta (ar fáil ar líne anseo www.corkcity.ie)

3. Taifead ar Shéadchomharthaí agus Áiteanna (ar fáil ar líne anseo www.archaeology.ie)
4. Radhairc agus Ionchais

1.7

Ba cheart an Imleabhar seo den Dréachtphean Forbartha a léamh taobh le hImleabhar 1 – Ráiteas Scríofa agus Imleabhar 2 – Cuspóirí Mapáilte.

I gCaibidil 8 in Imleabhar 1 – Ráiteas Scríofa, tugtar aghaidh ar an oidhreacht, ar na healaíona agus ar an gcultúr agus áirítear ann cuspóirí forbartha maidir leis an oidhreacht thógtha. Tá na Radhairc agus na hIonchais mapáilte in Imleabhar 2– Cuspóirí Mapáilte.





Cuid 1



Limistéir Chaomhantais Ailtireachta

**Sainchuspóirí um
Oidhreacht Thógtha**



Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (ACAnna)

Cé Ailbhe	Leathanach 8
Bóthar Ailbhe	Leathanach 10
Bóthar Bhaile an Locha (Grúpa Bhaile Anna / Ard Aoibhinn)	Leathanach 11
Bóthar Dhroichead na Bandan 38-43 agus Bóthar an Locha 58-60	Leathanach 12
Foirgnimh Barrett, amach ó Shráid na Blarnan	Leathanach 13
Rae Bethesda, Seanbhóthar na Dúcharraige	Leathanach 14
Páirc Bhaile an Easpaig	Leathanach 15
An Linn Dubh	Leathanach 19
Bóthar na Dúcharraige	Leathanach 23
An Bhlarna	Leathanach 31
Ardán Radharc an Chaisleáin 1-11, Bóthar Ghleann Maghair Íochtarach	Leathanach 35
Sráid Coburg agus Cnoc Phádraig	Leathanach 36
Foirgnimh an Bhardais, Ascaill Phóil	Leathanach 38
Dúghlas - Domhnach Broc	Leathanach 39
Bóthar Dhúglais-larthuaisceart	Leathanach 47
Iarmhonarcha Ford (Páirc Tráchtála na Muiríne)	Leathanach 48
Sráid na mBráthar	Leathanach 50
Cnoc Grattan, Plás Lincoln, Ardán an Aicéadaigh agus Ascaill Uí Mhathúna	Leathanach 52
An Cnocán Glas	Leathanach 56
Páirc Hoirbeaird	Leathanach 57
Bóthar Ghleann Maghair Íochtarach	Leathanach 59
Sráid Mhic Curtáin	Leathanach 60
An Mhuirdíog	Leathanach 64
Plás Mháire 1-12, Bóthar an Mhuilinn Ghaoithe	Leathanach 67
Eastáit Bhóthar Melbourne	Leathanach 68
Ardán Chnoc an Mhiortail	Leathanach 70
An Phríomhshráid Thuaidh	Leathanach 72
An Meal Thuaidh / Deargmhóin	Leathanach 76
Sráide Oilibhéir Pluincéid	Leathanach 78
Sráid Phóil	Leathanach 82
Teachíní Iarnróid 1-13, Sráid Anglesea	Leathanach 84
Bóthar Bhaile na Carraige 18-20	Leathanach 85
An Seandún	Leathanach 86
An Chuisle Theas	Leathanach 90
An Paróiste Theas	Leathanach 96
Tobar Rí an Domhnaigh	Leathanach 102
Crois an Tornóra	Leathanach 110
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Bóthar an Choláiste agus Bóthar na hArmlainne	Leathanach 112
Vandeville 1-4, Bóthar Bhaile an Locha	Leathanach 116
Bóthar Victoria	Leathanach 117
Cearnóg an Bhreatnaigh, Sráid Devonshire Thiar	Leathanach 118
Bóthar Wellington agus Paróiste Lúcaís	Leathanach 119

AC

Cé Ailbhe, Bóthar Ailbhe agus Bóthar Victoria



Cur síos ar an Limistéar

1.8

Tá an ceantar teorannaithe ag Cé Ailbhe, Bóthar Victoria, Bóthar Ailbhe agus Sráid Ailbhe. Tá sé tadhlach le ACA Bhóthar Ailbhe ar an taobh ó dheas.



Ráiteas maidir le Carachtar

1.9

Tá an ceantar suite laistigh de na Dugaí Theas díreach soir ó lár na cathrach. Tá limistéir fhairsing ann de thailte neamhfhorbartha agus de fhoirgnimh íseal-airde tearcúsáidte, stór aonair den chuid is mó, agus is dócha go ndéanfar iad a athfhorbairt le linn shaolré an Phlean Forbartha reatha. Tá sé mar chuid de limistéar atá aitheanta i “Cuan Chathair Chorcaí – Dugthailte Chorcaí a Dhíghlasáil” agus i Straitéis Lár na Cathrach mar shuíomh oiriúnach le haghaidh oifigí de phláta urláir mór, a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo do Chorcaigh. Cuirfear an riachtanas straitéiseach seo san áireamh agus moltaí forbartha á measúnú.

Níor cheart go mbeadh sé mar aidhm leis na foirgnimh agus na gnéithe go léir atá ann a choinneáil ach spreagadh a thabhairt d'fhorbairt chuí ar thalamh folamh agus ar fhoirgnimh tearcúsáidte trí na gnéithe is suntasaí de leas na hoidhreacht a choinneáil mar chuid lárnach de charachtar éabhlóideach an cheantair.

Tíopeolaíocht Foirgníochta

1.10

Sa bhreis ar na foirgnimh chlasaiceacha phlástráilte tharraingteacha den Iarnród CBP roimhe seo, sa cheantar, tá meascán d'iarfhoirgnimh thionsclaíocha agus trádstórais ar scála mór le héadanais aolchloiche gearrtha agus spallaí agus tithe tábhairne agus foirgnimh oifige ar scála níos lú agus bloic de thithe bríce agus péinteáilte, plástráilte.

Nuair a choinníonn foirgnimh na bunghnéithe ingearchló, bíonn saisfhuinneoga sleamhnáin adhmaid orthu chomh maith le díonta de sclátaí cloiche nádúrtha agus earraí báistí iarainn theilgthe.



Saincheistean

1.11

Tá an ceantar suite laistigh de na Dugaí Theas díreach soir ó lár na cathrach; tá achair fairsing ann de thalamh neamhfhorbartha agus d'fhoirgnimh íseal-ardaithe tearcúsáidte, aon stór den chuid is mó, agus is dócha go ndéanfar iad a fhorbairt le linn shaolré an Phlean Forbartha reatha. Níor cheart go mbeadh sé mar aidhm

na foirgnimh agus na gnéithe go léir atá ann a choinneáil ach spreagadh a thabhairt d'fhorbairt chuí ar thalamh folamh agus ar fhoirgnimh tearcúsáidte trí na gnéithe is suntasaí de leas na hoidhreacht a choinneáil mar chuid lárnach de charachtar éabhlóideach an cheantair.



AC

Bóthar Ailbhe

1.12

Ag deireadh an 19ú haois, lonnaigh daonra suntasach Giúdaigh Liotuánaigh i gceantar Bhóthar Ailbhe ar tugadh 'Jewtown' air ina dhiaidh sin. Tá bailiúchán de shé ardán sa limistéar comhdhéanta de 99 teach dhá bhá aon stóir le háiléar ar a dtugtar Foirgnimh Ibeirneacha orthu. Leis an oidhreacht Ghiúdach, tá sé difriúil ó áit ar bith eile sa chathair, agus is meabhrúchán iontach ar oidhreacht thionsclaíoch na cathrach iad na teaghaisí beaga ceardaithe.



ACA Bóthar Bhaile an Locha (Grúpa Bhaile Anna / Ard Aoibhinn)

1.13

Trí ardán de thithíocht teaghlaigh a tógadh sa bhliain 1908 ar an taobh theas de Bhóthar Bhaile an Locha. Tá baint maisiúil nua-Thúdarach ag na tithe agus déantar iad a idirdhealú le báfhuinneoga ar urlár na talún

agus gairdíní beaga a bhfuil ráillí maisiúla iarainn theilgthe ar a n-aghaidh, gnéithe tipiciúla den ré Éadbhardach do thithíocht mheánaicmeach.



AC

Bóthar Dhroichead na Bandan 38-43 & Bóthar an Locha 58-60

1.14

Grúpa cúinne feiceálach de thithíocht ceardaithe aon stór go leith, tógtha timpeall 1889, ag tabhairt aghaidh ar Bhóthar Dhroichead na Bandan agus Bóthar an Locha, le háitreabh agus teach tráchtála dhá stór le trí bhá cúinne a tógadh go sainchuspóireach agus teach lena nasctar an dá ardán. Tá siad thar bheith sainiúil mar gheall ar chaighdeán na n-ábhar a úsáidtear i dtógáil, mar shampla bricí dearga, scláta nádúrtha & aolchloch.



ACA

Foirgnimh Barrett, amach ó Shráid na Blarnan

1.15

Is éard atá ann ná 6 ardán comhthreomhara de thithe ceirde de dhá stór agus dhá bhá a thóg Bardas Chorcaí sa bhliain 1906. Tá go leor dá mbunghnéithe coinnithe ag na tithe agus lena n-aonfhoirmeacht, tugtar carachtar sainiúil don cheantar.




ACA

Rae Bethesda, Seanbhóthar na Dúcharraige

1.16

Ardán de 4 theach aon stóir le trí bhá os cionn íoslaigh a ndearnadh beagán athraithe orthu, a tógadh sa bhliain 1896 agus atá suite ar an taobh thuaidh de Sheanbhóthar na Dúcharraige. Tá an tsraith seo suntasach mar chuid de ghrúpa ina gcoinnítear fuinneoga saise adhmaid, múnálacha cochaill ar aghaidh gach ceann acu agus le scála comhsheasmhach agus líne dín.



ACA

Páirc Bhaile an Easpaig



Cur síos ar an Limistéar

1.17

Tá Páirc Bhaile an Easpaig, ar a dtugtar 'Feirm Uí Mhurchú' uirthi go háitiúil, suitear ar imeall thiar Chathair Chorcaí. Cruthaíonn an tSabhairne teorainn nádúrtha le ACA Páirc Bhaile an Easpaig, agus tá an teorainn riaracháin idir Cathair Chorcaí agus Contae Chorcaí ina fhachtóir sainmhínte freisin ina fhoirm neamhrialta. Ar an teorainn thoir tá cúrsa Gailf Dhá Mhaide. Tá an teorainn thuaidh seo suite in aice le CIT, agus ó dheas tá an Club Leadóige Bhaile an Easpaig agus Scoil Naomh Therésé mar theorainn aici. Leis an gcosán a leanann patrún nádúrtha na Sabhairne, sainmhíntear an teorainn thiar.

Ráiteas maidir le Carachtar

1.18

Coinníonn an ceantar laistigh den teorainn carachtar tírdhreacha diméine traidisiúnta lena mheascán de thír-raon droimneach, spásanna oscailte cothroma agus limistéir deartha níos foirmiúla le clampaí ortagánacha de chrainn agus toir. Ag teacht le príomhúsáid na talún, tá carachtar áineasa ag an gceantar. Tá an ACA measartha dlúth seo comhdhéanta de trí mhír amhairc ar leith:

1.19

Tá an cúrsa Pitch and Putt scartha ón gcuid eile den ACA ag banda tanaí talún cruthaithe ag an teorainn le Plásóg Elton agus

stua na Sabhainne. Lena topagrafaíocht rollta mar théith shainiúil, sreabhann an talamh go nádúrtha i sraith de mhullaigh agus umair sula dtiteann sé go réidh i dtreo an chosáin agus imeall na habhann. Tá suíomh an iar-chairéil aolchloiche ón 18ú haois ann freisin, a bhfuil áit fheiceálach aici i lár an chúrsa, cé go bhfuil fásra rófhásta i bhfolach ann anois.

1.20

Is é an limistéar lárnach don ACA ná gairdín balla, foirgnimh agus clós chomh maith lena gharthimpeallacht. Tá mothú traidisiúnta diméine ag an bhfolimistéar seo, le spásanna níos foirmiúla le ballaí, linnte pleanáilte, fásra agus comhrianta. Coinníonn an príomhbhealach isteach chuig an bpáirc tríd an mbóthar an carachtar céanna agus a bhí nuair a tógadh an mainéir don chéad uair san 18ú haois. Le crainn thar timpeall, nochtar radharc an ionaid phobail de réir a chéile feadh an ascaill chuartha réidh. Is díol spéise ó thaobh amhairc agus éisteachta de iad dobharlaigh cosúil leis an tSabhainn, an chanáil agus an linn L-chruthach.

1.21

Tá carachtar uathúil éagsúil ag na páirceanna imeartha ar an taobh thiar agus an tír-raon réidh oscailte timpeallaithe ag comhrianta fadaithe agus línte ortagánacha de chrainn. Nuair a shroichtear é ón oirthear, cuireann meascán na gcrann leis na tulacha deartha ithreach an radharc agus trí chodarsnacht amhairc le carachtar an fholimistéir seo.

Tíopeolaíocht Foirgníochta

1.22

Tá meascán d'fhoirgnimh ar an suíomh, dírithe den chuid is mó ar an gclós. Ina measc seo tá an séipéal agus an leithreas, ar struchtúir iad araon ón 18ú haois tógtha de ghaineamhchloch spallaí randamach le sonraí aolchloiche, a bhfuil baint dhíreach acu leis an teach mór bunaidh. In ainneoin éifeachtaí loitiméireachta agus ionradh an fhásra, tá go leor dá shonraí ailtireachta fós ag an séipéal lena n-áirítear leaca agus cúinní aolchloiche, ballaí cloiche gearrtha agus dingmhá ina bhfuil gaineamhchloch ghlas agus dearg chomh maith le roinnt sclátaí. Don teach feirme ó dheireadh an 20ú haois, ina bhfuil Halla na nGasóg agus an tIonad Pobail anois, úsáideadh an múnla plionta aolchloiche gearrtha a d'fhreastal

mar bhalla coinneála chomh maith le bun an tí mhóir bhunaidh. San ingearchló thoir tá an dorais aolchloiche timpeall an bhuntá agus is é an t-iarsma deireanach den teach mór bunaidh ar cruthaíodh an pháirc dó, agus lena phríomhchloch feiceálach agus consóil ag tacú le coirnis starrach. Is léiriú amhairc é ar an tsaoirseacht agus an cheardaíocht mhionsonraithe a bhaineann le tithe móra ón 18ú haois.

1.23

Tá an Teach Shell, atá suite ar lomán carraige os cionn na habhann agus na lochán ornáideach, suite in áit chun leas a bhaint as radharcanna nádúrtha agus saorga. Tar éis éifeachtaí an loitiméireachta agus an tsíonchaithimh a fhulaingt freisin, coinníonn sé go leor dá shonraí amhail an teallach ar a bhalla thuaidh, plionta slaithe gloineach, ballaí creinile agus póirse coirceoige. Tá an áith aoil ón 18ú haois i bhfolach anois ó radharc mar gheall ar rófhás fásra ar thaobh an chnoic agus úsáideann sé an topagrafaíocht chun a leasa chun an méid brící nó saoirseachta atá á tógáil a íoslaghdú.

1.24

Cé go gcruthaítear go leor teorainneacha ar an láithreán go nádúrtha trí úsáid a bhaint as crainn agus toir, tá roinnt gnéithe de dhéantús an duine a chruthaíonn spásanna níos foirmiúla laistigh den pháirc. Tá an Gairdín Múrtha ón 18ú haois uathúil toisc go gcruthaíonn a theorainn atá sainmhínithe go soiléir de bhallaí aolchloiche gearrtha agus droichid coise, fráma don radharc i dtreo na habhann.

Saincheistean

1.25

Faoi láthair, is áis phoiblí tearc-úsáidte í Páirc Bhaile an Easpaig a bhfuil poitéinseal áineasa ollmhór aici. Rinneadh damáiste suntasach déanta dó le blianta beaga anuas mar gheall ar loitiméireacht agus rófhás fásra, go háirithe maidir leis an teach sliogáin, an séipéal agus an áith aoil. Bhainfeadh codanna den pháirc ar nós an chlós agus na foirgnimh pobail máguaird leas as feabhas ar cháilíocht aeistéitiúil chun cur leis an taitneamhacht do chónaitheoirí áitiúla agus d'úsáideoirí áineasa. Trí fheabhsú a dhéanamh ar an ríocht phoiblí cosúil le binsí agus boscaí bruscair chuirfí go mór le cáilíocht an chomhshaoil a fheabhsú agus le carachtar na bpáirceanna a fheabhsú.





ACA

An Linn Dubh



Cur síos ar an Limistéar

1.26

Tá an ceantar dírithe ar an bpríomhbhealach ó dheas ó thuaidh ó Lána an tSeanséipéil agus Sráid na hArdeaglaise go Sráid Thomáis Dáibhis agus an Nascbhóthar. Ar an taobh thoir tá teorainn thiar Bhóthar Chúrsa an Uisce agus ar an taobh thiar tá cúl na réadmhaoine a thugann aghaidh ar dhroim lárnach an cheantair, Sráid Ghearralt Uí Ghríofa, Sráid Liam Uí Bhriain Mhór agus Sráid Thomáis Dáibhis.

1.27

Cuimsíonn sé freisin na hardáin agus na lánaí cúnga den chuid thiar theas den cheantar ag síneadh amach ó Shráid Uí Fhearáin, na foirgnimh a thugann aghaidh ar

Bóthar na Cliarscoile, Bailtíní Artúir agus Rae Uí Fhoghlú soir ó Bhóthar Chúrsa an Uisce, agus na foirgnimh soir ó Shráid Thomáis Dáibhis.

Ráiteas maidir le Carachtar

1.28

Athraíonn carachtar an cheantair, a bhfuil tábhacht ailtireachta, seandálaíochta, staire agus sóisialta ag baint leis, agus tú ag bogadh ó thuaidh ó lár na cathrach. Tá sé comhdhéanta de thrí chuid, ar an gcéad dul síos:

Sráid Ghearralt Uí Ghríofa ó dheas, sa dara háit: an chuid lárnach de Shráid Liam Uí Bhriain Mhór agus sa tríú háit: lárionad shráidbhaile na Linne Duibhe, atá suite sa cheantar dírithe thart ar an séipéal ó thuaidh.

I dteannta a chéile, ba iad na sráideanna an príomhbhealach ón gcathair ó thuaidh leis na céadta bliain, agus níor tháinig aon athrú ar an bhfoirm uirbeach. Ba é an ceantar lárionad tionsclaíochta na cathrach sa 19ú haois, rud is léir ón tiúchan ard de theanúis, drioglanna, muilt, tithe braiche agus grúdlanna a bhíodh ann tráth. Mar thoradh air seo tá oidhreacht shaibhir seandálaíochta tionsclaíochta sa cheantar.

1.29

Tá meascán úsáidí ag an gcéad fholimistéar, deisceart, ach is úsáidí cónaithe go príomha é, le teaghaisí de dhá stór agus trí stór, dhá bhá den chuid is mó ag cruthú líne ar Shráid Ghearrailt Uí Ghríofa. Tá foirgnimh thráchtála agus institiúideacha lonnaithe den chuid is mó ag ceann theas an cheantair. Tá Clochar na Toirbhirte Thuaidh, a bhfuil baint aige leis an gceantar ó dheireadh an 18ú haois, i gceannas ar an gcuid oirdheisceart den fholimistéar, cé go bhfuil ceantar cónaithe ard-dlúis siar ó dheas atá suite timpeall ar Shráid Uí Fhearáin. Is lánaí de thithe de stór amháin agus dhá stór iad seo, atá tipiciúil de na patrúin uirbeacha stairiúla a bhí i réim sa cheantar san 18ú agus 19ú haois.

1.30

Tá an dara fo-limistéar láir den limistéar ar Shráid Liam Uí Bhriain Mhór ina áit cónaithe den chuid is mó le tithíocht ón 19ú haois is mó atá i gceist leis. Tá roinnt samplaí d'fhoirgnimh ón 18ú haois ann, go háirithe ag Uimh.54, b'fhéidir an foirgneamh is luaithe sa cheantar, suntasach mar gheall ar a cháiliocht dhúchasach shimplí. Tá an chéad sampla de thithíocht shóisialta nua-aimseartha i gCorcaigh le fáil ar an taobh thoir den bhóthar i bhfoirm Madden's Buildings, a thóg Bardas Chorcaí í sa bhliain 1886. Is cuid thábhachtach d'oidhreacht shóisialta Chorcaí iad seo.

1.31

Tá an tríú fo-limistéar dírithe ar Shráidbhaile na Linne Duibhe, an ceantar thart ar an séipéal, suíomh an bhunmhargaidh. Tá patrún stairiúil na sráideanna coinnithe ag an gceantar seo atá cosúil le 'X' fada. Ba iad na huiscebhealaí a d'imir tionchar ar leagan amach na sráideanna ina dhiaidh sin ba chúis leis an leagan amach neamhghnách seo. Is gnách go mbíonn úsáidí tráchtála agus/nó cónaithe ag foirgnimh, tá siad idir dhá agus trí stór ar airde, dhá nó trí bhá, agus den chuid is mó ón 19ú agus 20ú haois. Tá crainn lánfhasta ar thaobh thiar an bhóthair ó dheas go lár an tsráidbhaile. Críochnaíonn an péire tarraingteach foirgneamh ón 18ú haois ag Uimhreacha 96 agus 97 (Siopa Éisc Dennehy agus an foirgneamh in aice leis) an radharc ó thuaidh ó Shráid Liam Uí Bhriain Mhór agus cuireann siad deireadh tarraingteach ar fáil don tsráid.

Tíopeolaíocht Foirgníochta

1.32

Téann stoc foirgneamh an cheantair siar go dtí an 18ú agus an 20ú haois ach is iad na foirgnimh chónaithe de dhá agus trí stór ón 19ú haois atá taobh leis an bpríomh-mhórshráid.

Tá roinnt samplaí d'fhoirgnimh ón 18ú haois le feiceáil freisin, sainaitheanta ag na díonta géarchlaonta agus oscailtí níos cúinge ar na hurláir uachtaracha. Mar is gnách sa cheantar, is iondúil go dtógtar foirgnimh le spallaí nó brící, rindreáilte agus péinteáilte de ghnáth. Tá áitribh níos lú de stór amháin agus dhá stór suite sna lánaí amach ón bpríomhshráid, rud a léiríonn an cineál foirgnimh agus leagan amach na ceapaí a bhí i réim san 18ú agus 19ú haois.

1.33

Tá Eaglais Teachtaireacht an Aingil ar sráid-dreach lár an tsráidbhaile agus tá sé suntasach toisc gur obair an dealbhóra Seamus Murphy rinne é le linn a phrintíseachta i gclós cloiche sa Linn Dubh. Tá roinnt aghaidheanna siopaí adhmaid traidisiúnta sa cheantar a coinníodh fiú i gcásanna nach bhfuil na foirgnimh ag feidhmiú mar áitribh thráchtála a thuilleadh. Sa chás gur choinnigh foirgnimh a ngnéithe agus a bailchríocha bunaidh, tá aghaidheanna plástráilte péinteáilte acu, díonta de sclátaí cloiche nádúrtha, earraí uisce báistí d'iarann teilgte, agus doirse adhmaid péinteáilte agus saisfhuinneoga.

Saincheisteanna

1.34

Bhain an ceantar thart ar lár Shráidbhaile na Linne Duibhe agus an chuid thuaidh de Shráid Liam Uí Bhriain Mhór tairbhe mhór as Athnuachan na Linne Duibhe. Scéim lenar feabhsaíodh cáilíocht aeistéitiúil an tsráid-dreacha trí ghnéithe cosúil le crainn aibí, caighdeán lampa iarainn tarraingteacha, agus pábháil shimplí dea-dheartha agus tírdhrechtú bog a thabhairt isteach. Bhainfeadh codanna eile den tsráid leas as scéim chomhchosúil chun a gcáilíocht timpeallachta a fheabhsú agus chun béim a chur ar leanúnachas an charachtair den bhealach stairiúil. Ba chóir go spreagfaí éadain siopa adhmaid thraidisiúnta i ndeisceart an cheantair mar go dtugann siad scéal sóisialta ar iar-inmharthanacht tráchtála na sráide ag aon am amháin agus go mbíonn siad ar ardchaighdeán iad féin go minic





ACA

Bóthar na Dúcharraige

Cur síos ar an Limistéar


1.35

Síneann Limistéar Caomhantais Ailtireachta (ACA) na Dúcharraige siar chomh fada leis an acomhal le Bóthar Victoria, ag glacadh isteach Ardán Naomh Seosamh mar chuid d'Fholimistéar A.



1.36

Tá an ACA dírithe ar phríomhbhealach Bhóthar na Dúcharraige a shíneann ón acomhal le Bóthar Victoria san iarthar go Caisleán na Dúcharraige san oirthear. Tá a teorainn thuaidh sainithe ag an scarpán in aice le bruach theas na Laoi agus tá gairdíní cúil na dtithe sraithe i mBaile an Teampaill agus na bailtíní feadh Bhóthar an Chaisleáin ar an taobh theas. Cuimsíonn an teorainn theas foirgnimh eaglasta éagsúla ar nós Clochar Ursuline agus an Séipéal agus na tailte a bhaineann leis, Séipéal Mhichíl Eaglais na hÉireann agus Eaglais Chaitliceach Mhichíl.



Ráiteas maidir le Carachtar

1.37

Tá ceithre fho-limistéar ar leith laistigh den ACA:

ACA Bóthar na Dúcharraige Fo-limistéar A: Sráidbhaile Bhaile an Teampaill agus na Bruachbhailte Mórthimpeall

1.38


Mar shaintréithe den fholimistéar seo, a bhfuil tábhacht stairiúil, sóisialta agus ailtireachta ag baint leis, tá a leagan amach líneach sráide feadh Bhóthar na Dúcharraige agus a stoc foirgneamh a théann siar go dtí an 18ú agus an 20ú haois. Tá na tithe móra Seoirseacha feadh a theorainn thuaidh suite chun a gaireachta pictiúrtha cois abhann a uasmhéadú agus tá siad suite laistigh de imfháluithe de gheataí le teorainneacha soiléire idir an réimse poiblí agus príobháideach.

1.39

Chomh maith leis sin tá lóistí geataí ar Bhóthar na Dúcharraige a bhfuil a suíomhanna in áiteanna a bhíodh ann mar bhealaí isteach ar thailte na dtithe móra seo. Tá go leor bunghnéithe dearaidh coinnithe ag na struchtúir shimplí seo a chuireann le carachtar foriomlán an sráid-dreacha. I gcodarsnacht leis na tithe móra a bhfuil a aghaidh ag féachaint ar an abhainn, tá an bóthar líneáilte le tithe sraithe agus leathscóite, ag roinnt gaolmhaireachta díri leis an mbóthar le gairdíní tosaigh le ballaí eisléire, cloiche gearrtha nó rindreáilte garbhtheilgthe le ráillí iarainn saoirsithe, rud a thaispeánann carachtar uirbeach a thagann chun cinn. In ainneoin a gcuid scálaí éagsúla, idir foirgnimh Sheoirseacha ar scála beag de 1 agus 2 stór ó thús na 19ú haoise agus tithe móra Seoirseacha trí stór, coimeádann a n-ingearchlónna tosaigh cuid mhór dá gcarachtar bunaidh le siúinéireacht neamhghnách mhín, cásanna dorais maisiúla agus feanléasanna, a léiríonn béim láidir ar cheardaíocht.

1.40

I gcroílár an fho-limistéir seo tá Sráidbhaile Bhaile an Teampaill a bhfuil a thithíocht sraithe ar scála beag ar an tsráid agus a n-aghaidheanna siopaí ina codarsnacht iontach leis an gceantar máguaird den slánachar de thithe a bhfuil a gcuid gairdíní ag an tosach, rud a thugann le tuiscint go bhfuil na foirgnimh i gceannas ar an tsráid, rud a chuireann leis an mothú uirbeach soiléir.








ACA Bóthar na Dúcharraige Fo- limistéar B: Cúirt Dhún Daingean

1.41


I gcodarsnacht le carachtar na coda eile den cheantar, is sampla í Cúirt Dhún Daingean de scéim tithíochta ardchaighdeáin ó lár an 20ú haois. Is sampla iontach é den ailtireacht Nua-Aimseartha a bhfuil mionsonraí breátha ar a n-aghaidheanna cosúil le cumhdach seachtrach céadair agus plátaí litreacha alúmanaim snasta. Áirítear le leagan amach na forbartha gnéithe seachtracha a chomhlánaíonn an ailtireacht agus atá intreach do charachtar an cheantair, lena n-áirítear: spásanna clóis bog pobail a sholáthraíonn taitneamhacht, agus sráideanna cúnga agus cúirteanna páirceála.



ACA Bóthar na Dúcharraige Fo- limistéar C: Sráidbhaile na Dúcharraige

1.42


Tá an folimistéar seo dírithe ar Ché na Dúcharraige a fheidhmiú freisin mar phointe fócasach do lár an tsráidbhaile. Sampla breá de thithíocht bhrúachbhailteach Éadbhardach a thugann tithíocht sraithe ón 19ú haois luath ar feadh Bhóthar an Teampaill, cuid mhór acu ag coimeád formhór dá sonraí ailtireachta agus sonraí rindreála dea-fheidhmithe le suntas ar leith. Tá an tionchar a bhí ag gluaiseacht na healaíne agus na ceardaíochta le feiceáil i ndearadh na n-áitreabh leathscoite níos mó ar feadh Mhuiríne na Dúcharraige, a bhfuil balcóiní ag go leor acu a fhéachann amach ar an abhainn. Tá roinnt institiúidí reiligiúnacha, eaglaisí agus scoileanna sa cheantar freisin, suite ar shuímh níos mó atá suite siar ó na teaghaisí sraithe agus na siopaí lena n-áirítear an Clochar Ursuline agus a thailte ón 18ú haois. Mar fhoirgneamh Caitliceach tábhachtach dá chuid ama, dearadh é ionas go bhféadfar féachaint air ón abhainn agus ón taobh thuaidh de ghleann na habhann agus bhí sé ina shiombail den athbheochan agus den chumhacht Chaitliceach tráth a raibh an chonspóid reiligiúnaigh ag maolú.



ACA Bóthar na Dúcharraige Fo- limistéar D: Bóthar an Chaisleáin

1.43

Gné láidir den fholimistéar seo is ea an balla teorann cloiche gearrtha le huasteorannú cruinn feadh an bhóthair ón taobh oirthear de Shráidbhaile na Dúcharraige ar feadh Bhóthar an Chaisleáin go Caisleán na Dúcharraige. Coinníonn sé colbhaí aolchloiche an chosáin, rud a chuireann le carachtar an tsráid-dreacha. Tá an bóthar líneáilte le tithíocht Sheoirseach a thugann a n-aghaidh ar an abhainn den chuid is mó, cé gur athraíodh go leor díobh le linn na tréimhse Vichteoiriaí. Coinníonn go leor a gcuid sonraí ailtireachta bunaidh agus tá teorainneacha acu ar a bhfuil ballaí rindreála míne le cóipeáil aolchloiche, agus ráillí iarainn saoirsithe orthu go minic agus cuid eile le geataí iarainn theilgte bunaidh do choisithe. Tá luach ard tírdhreacha ag an gceantar freisin mar gheall ar a cheannbhrat crann i ngairdíní níos mó agus an tírdhreach crainn nádúrtha thar a bheith tarraingteach feadh na habhann, lena dtugtar radhairc ar Chaisleán na Dúcharraige.



Tíopeolaíocht Foirgníochta

1.44

Áit chónaithe den chuid is mó, seachas lár na sráidbhailte agus rogha foirgneamh eaglasta agus oideachais atá dírithe go príomha ar shráidbhaile na Carraige, tá stoc saibhir foirgneamh san ACA a théann siar go dtí an 18ú haois agus an 20ú haois, cibé acu baile, tráchtála nó reiligiúnach.

1.45

Is foirgnimh chónaithe den chuid is mó atá sa limistéar, atá tógtha as brící nó as cloch, de ghnáth rindreáilte go bailchríocha éagsúla i.e. mín nó teilgte garbh. Nuair a choinníonn áitribh na bunghnéithe ingearchló, bíonn díonta sclátaí nádúrtha orthu le tíleanna iomaire terracotta agus stoic simléir brící dearga le potaí simléir cré, leaca cloiche, agus siúinéireacht mhín go háirithe ar na

cásanna dorais agus fuinneoga. Is díol suntais freisin cóireáil teorann na dtithe cónaithe seo le ballaí eisléire nó ballaí rindreála míne le cóipeáil aolchloiche, le ráillí iarainn theilgte ar a n-aghaidh go minic agus cuid acu le geataí iarainn theilgte do choisithe agus go leor le plaiceanna aolchloiche greanta bunaidh.

Tá colbhaí aolchloiche ar Bhóthar an Chaisleáin freisin ar gné thábhachtach é atá le cosaint agus le coinneáil. Is díol spéise é go bhfuil codarsnacht ghéar idir tithíocht fo-uirbeach nua-aimseartha Chúirt Dhún Daingean agus na

teaghaisí stairiúla bunaidh chomh maith leis na forbairtí infhionta éagsúla a tharla thar na blianta.

Is faoin bhfiúntas seo ba cheart é a chosaint mar léiríonn sé éabhlóid na tithíochta bruachbhailte ó lár an 20ú haois.

1.46

Tá saibhreas d'eaglaisí agus foirgnimh eaglasta de shainchreidimh éagsúla agus go leor stíleanna ailtireachta éagsúla san ACA, rud a léiríonn leathnú reiligiúnach, sóisialta agus fisiceach an cheantair le himeacht ama. Cuimsíonn siad seo Clochar Ursuline ón 18ú haois agus séipéal de phlean T a dhear an tUrr Michael Augustine Riordan, Séipéal Naomh Mhichíl Eaglais na hÉireann deartha ag na Bráithre Pain, agus Eaglais Chaitliceach Naomh Mícheál a dhear James Rupert Boyd Barrett agus a choimisiúnaigh an tEaspag Chorcaí Lucey í sa bhliain 1960. Tá Caisleán na Dúcharraige suite ar an teorainn is faide soir agus is foirgneamh suntasach cois abhann ón 19ú haois é.

Saincheisteanna


1.47

Tá raon leathan cineálacha tithíochta agus áiseanna áitiúla sa cheantar lena n-áirítear siopaí, scoileanna agus séipéil. Mar sin féin, tá an ceantar faoi bhrú tráchta níos mó agus níos mó, tá deacrachtaí ann maidir le páirceáil agus le sábháilteacht coisithe agus rothaithe chomh maith, agus tá drochríocht phoiblí ann go háirithe i sráidbhailte Bhaile an Teampaill agus na Dúcharraige a bhainfeadh óna thaitneamhacht do chónaitheoirí agus do ghnóthaí áitiúla. Tá sé tábhachtach go gcoimeádtar riocht agus carachtar an stoic foirgneamh atá ann faoi láthair chomh maith le sláine an sráid-dreach agus an tírdhreach cois abhann.



ACA

An Bhlarna



Cur síos ar an Limistéar

1.48

Tá ACA na Blarnan bunaithe ar thábhacht agus ar charachtar Eastát Chaisleán na Blarnan agus an sráidbhaile tionsclaíoch bunaidh. Sráidbhaile deartha a bhí i sráidbhaile na Blarnan a bunaíodh ag deireadh na 1700í agus é eagraithe thart ar fhaiche lárnach, le tithe measartha ar an taobhlíne agus le séipéal de chuid Eaglais na hÉireann ó thuaidh. Lean an sráidbhaile ag méadú le linn an 19ú haois agus forbraíodh ardáin de thithíocht oibrithe i gcomhar le leathnú na Muilte a tháinig chun bheith an muileann comhtháite is mó in Éirinn.

Ráiteas maidir le Carachtar

1.49

Sráidbhaile tuaithe is ea an Bhlarna ina bhfuil dhá ní is díol spéise do thurasóirí oidhreacht, Caisleán na Blarnan agus Muilte Olla na Blarnan. Tá carachtar dearadh an tsráidbhaile ón 18ú haois atá socraithe timpeall ar fhaiche lárnach fós le feiceáil agus fós mar fhócas lárnach den tsráidbhaile le siopaí, óstán agus tithe mórthimpeall ar an bhfaiche. Tá bealach isteach Eastát Chaisleán na Blarnan ar an taobh theas den fhaiche ag ceann aistir larnród Éadrom Chorcaí agus Mhúscraí. Tá na Muilte suite lastoir den chearnóg. Téann Abha Mháirtín thart ar an taobh ó dheas den chearnóg agus ba í an phríomhchúis leis na Muilte agus an tsráidbhaile a shuíomh san áit sin.

1.50

Tá carachtar dearadh an tsráidbhaile ón 18ú haois atá socraithe timpeall ar fhaiche lárnach fós le feiceáil agus fós mar fhócas lárnach den tsráidbhaile le siopaí, óstán agus tithe mórtimpeall ar an bhfaiche. Tá bealach isteach Eastát Chaisleán na Blarnan ar an taobh theas den fhaiche ag ceann aistir larnród Éadrom Chorcaí agus Mhúscraí. Tá na Muilte suite lastoir den chearnóg. Téann Abha Mháirtín thart ar an taobh ó dheas den chearnóg agus ba í an phríomhchúis leis na Muilte agus an tsráidbhaile a shuíomh san áit sin.

1.51

Tá éagsúlacht ag baint le carachtar an ACA. Baineann an chuid is mó den stoc oidhreachta tógtha leis an 18ú agus 19ú haois. Tá carachtar eastáit Chaisleán na Blarnan sainithe ag tírdhreach traidisiúnta diméine an tírdhreacha feirmeoireachta, ceantair choillearnaí dúchasacha le gairdíní foirmiúla deartha agus an séadchomhartha i gcroílár an eastáit: Caisleán na Blarnan. Sainmhínítear carachtar an eastáit ag a stádas áineasa/tarraingthe turasóireachta.

Tíopeolaíocht Foirgníochta

1.52

Tá éagsúlacht sa stoc foirgneamh. Tá meascán d'fhoirgnimh ag Eastát na Blarnan idir an Caisleán Meánaoise, na stáblaí, an Teach Mór ón 19ú haois, lóistí geata agus struchtúir ghaolmhara.

1.53

Is iad na foirgnimh thionsclaíocha ón 19ú haois agus na foirgnimh chónaithe a bhaineann leis na Muilte a shainíonn tíopeolaíocht fhoirgnimh Mhuileann Olla na Blarnan. Is gnách go dtagann struchtúir chónaithe atá socraithe timpeall ar an bhfaiche láir ón ochtú haois déag nuair a leagadh amach an sráidbhaile ar dtús. Is teaghaisí aon stóir 3 bhá iad na teachíní le doras lárnach ag oscailt amach ar an tsráid. Sainmhínítear a gcarachtar le díonta sclátaí nádúrtha claonta, píblínte d'iarann teilgte, ingearchlónna rindreáilte le simléir ag poncú deighiltí na ceapaí. Tá foirgnimh níos airde ar an taobh thoir den fhaiche, de 2 stór go ginearálta. Athraíodh na foirgnimh anseo agus cuireadh aghaidheanna siopaí isteach i gcásanna áirithe.



Tá Eaglais na hÉireann, Eaglais na hAiséirí, suite ar an taobh ó thuaidh den fhaiche agus tógadh é mar chuid de leagan amach bunaidh deartha an tsráidbhaile.

1.54

Is struchtúir thionsclaíocha móra cloiche nochta iad na Muilte go ginearálta de 3 stór nó de 3 stór go leith ar airde agus iad suite ar bhruach Abha Mháirtín. Forbraíodh teaghaisí oibrithe dhá stór i 5 léibheann le linn an 19ú haois agus tá díonta cuartha suimiúla orthu le trinsí Bhéal Feirste clúdaithe ar dtús le feilt dín agus biotúman. Dearadh na teachíní ionas go mbeadh ingearchlónna cloiche nochtaithe, sceimhleacha os cionn agus earraí báistí iarainn theilgthe a mhaireann i gcásanna áirithe. Tá clóis tosaigh agus chúl iata i ngach teachín ar na hardáin.

1.55

Tá ceann scríbe larnród Éadrom Chorcaí agus Mhúscraí suite ag an mbealach isteach chuig Eastát Chaisleán na Blarnan. Tá roinnt foirgneamh atá cumhdaithe le hadhmad fós ann, chomh maith le hardáin agus caschláir.

Saincheistean

1.56

Mhair carachtar stairiúil shráidbhaile agus eastát na Blarnan go measartha maith, ach bhí tionchar diúltach ag forbairt nua-aimseartha, neamhógair sa cheantar ar an gcarachtar speisialta den áit.



Tá tábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta ag baint leis an gCaisleán, na Muilte agus an Sráidbhaile agus ba chóir go gcuirfí é seo san áireamh in aon fhorbairt sa todhchaí. Éilíonn sé seo go mbeadh an fhorbairt agus an tírdhreachú gaolmhar ar scála, ábhair, úsáid agus dearadh báuil.

1.57

De ghnáth athraíodh teachíní an Mhuilinn trí shintí ar leibhéal na talún agus trí choibhéis PVC a chur in ionad na mbunfhuinneoga adhmaid. Rinneadh cuid de na struchtúir a rindreáil nó a phéinteáil. Beidh tionchar diúltach ag sintí neamhbháula eile nó ag oibreacha uasghrádaithe ar charachtar stairiúil na léibheann.

1.58

Bheadh gá le cothromaíocht idir riachtanais cuairteoirí agus áitiúla le forbairt in aice leis an sráidbhaile, ach tá deis ann carachtar stairiúil an tsráidbhaile a fheabhsú tuilleadh le gach togra forbartha.





ACA

Ardán Radharc an Chaisleáin 1-11, Bóthar Ghleann Maghair Íochtarach


1.59

Is éard atá in Ardán Radharc an Chaisleáin aon teach déag de bhrící dearga dhá bhá, dhá stór, tógtha timpeall 1868, ar airde uaigneach os cionn Bhóthar Ghleann Maghair Íochtarach le radharc ar Chaisleán na Dúcharraige. Tá sé ar cheann de na samplaí is luaithe den chineál seo de thithíocht sraithe brící dearga i gCorcaigh.



ACA

Sráid Coburg agus Cnoc Phádraig



Cur síos ar an Limistéar

1.60

Tá Ceantar Caomhantais Ailtireachta Shráid Coburg agus Cnoc Phádraig suite ó thuaidh ó Chuisle Thuaidh na Laoi go díreach os comhair chroílár tráchtála lár na cathrach, ar thalamh arduithe ó dheas agus siar. Is úsáid mheasctha é ó thaobh carachtair de agus comhcheanglaíonn sé úsáidí miondíola agus tráchtála le feidhm chónaithe. Tá an ceantar suite taobh amuigh de chathair mhúrtha mheánaoiseach Chorcaí, suite achar gearr siar ó dheas ar oileáin thuaidh agus theas na Laoi. D'fhorbair sé ó lár an 18ú haois nuair a míntíródh an talamh atá teoranta le Cé Carroll, Sráid Liatroma, Sráid Coburg, agus leis an Laoi.

agus leagtha amach ina dhiaidh sin le sráideanna agus foirgnimh agus céibheanna tráchtála.

Ráiteas maidir le Carachtar

1.61

Leis an leagan amach forluiteach sráide a thugtar ag an áit a dtrasnaíonn na sráideanna géara thuaidh-theas, Cnoc Richmond agus Cnoc Phádraig le Sráid Mhic Curtáin, an áit a dtrasnaíonn Sráid Coburg agus Sráid Mhic Curtáin agus na céanna soir-siar, soláthraítear creat láidir uirbeach chun na stíleanna éagsúla ailtireachta a chuimsiú, ar stíleanna iad a tógadh de réir mar a d'fhás an ceantar ó lár an 18ú haois go dtí an lá inniu ann.

1.62

Tá claonadh ag foirgnimh ar na leibhéil is airde den chnoc amhail na Bailtíní scoite ag barr Chnoc Phádraig, nó an sraith tithe ag Phlás Audley. Iad féin a dhíriú i dtreo an iarthair nó an iardheiscirt ag baint leasa as na radhairc thar ghleann abhann na hÁithe i dtreo an tSeandúin agus na leicne cnoic níos faide i gcéin.

Fiú nuair a bhíonn aghaidh na n-ingearchló i dtreo an oirthir, tithe den chuid is mó, m.sh., ar an taobh thiar de Chnoc Richmond, baintear úsáid as an talamh atá le fána chun leas a bhaint as na radhairc seo.

Soláthraíonn na fánaí uachtaracha ar thaobh an chnoic atá ag féachaint siar, limistéar tábhachtach taitneamhachta stairiúil agus spásanna oscailte cosúil le Tobar Mhuire (ina bhfuil tobar naofa iar-mheánaoiseach) agus Garraí Bell, óna bhfuil radhairc lánleargais ar an gcathair.

1.63

Tá tábhacht seandálaíochta ag baint leis an gceantar toisc go bhfuil sé suite go páirteach laistigh den Chrios Acmhainneacht Seandálaíochta (ZAP) do Chathair Chorcaí (CO074-122). Tá tobar naofa (CO074-062), atá suite ag Tobar Mhuire, liostaithe freisin ar Thaifead na Séadchomharthaí agus Áiteanna. Tá tábhacht stairiúil agus ailtireachta ag baint leis an gceantar agus mar gheall ar a leagan amach sráide agus mar gheall ar a stoc foirgneamh ón 18ú haois go dtí an 20ú haois, lena léirítear a charachtar uirbeach atá tar éis teacht chun cinn le linn trí chéad bliain.

1.64

Tá roinnt foirgneamh atá san áireamh ar Thaifead na nDéanamhas Cosanta (RPS) sainaitheanta freisin ar Fhardal Náisiúnta na hOidhreacht Ailtireachta (NIAH) mar foirgnimh a bhfuil tábhacht réigiúnach ag baint leo. Ina measc seo tá foirgnimh sraithe Seoirseacha ar Phlás Camden, na ballaí cé aolchloiche eisléire ag Cé Camden, tithíocht sraithe ar Shráid Devonshire, tithíocht ar Chnoc Phádraig agus Cnoc Richmond, an Clochar Ursuline agus Coláiste San Aingeal.



Tíopeolaíocht Foirgníochta

1.65

Go traidisiúnta, tá foirgnimh an cheantair, cibé acu tí, tráchtála, nó tionsclaíoch, agus a théann siar go dtí tús an 18ú haois agus go dtí tús an 20ú haois, ba ghnách ar tógadh iad le ballaí brablach nó brící plástráilte péinteáilte. Nuair a choinníonn siad na bailchríocha agus na gnéithe bunaidh, tá díonta de sclátaí cloiche nádúrtha orthu, gáitéir agus píopaí láidre báistí déanta as miotal teilgthe agus doirse agus fuinneoga péinteáilte agus déanta as adhmaid, agus go leor dea-shamplaí de ráillí agus geataí iarainn. I gcás go maireann troscán sráide nó pábháil stairiúil, cosúil le céimeanna nó colbhaí aolchloiche, ráillí láimhe iarainn srl., tá sé tábhachtach do charachtar an cheantair go gcoimeádtar iad seo.

Saincheistean

1.66

Tá raon leathan cineálacha tithe agus áiseanna áitiúla sa cheantar lena n-áirítear siopaí, tithe tábhairne, scoileanna agus spásanna áineasa. Mar sin féin, tá an ceantar faoi bhrú méadaitheach ó thrácht agus tá droch-chaighdeán, áfach ar an ríocht phoiblí a bhaineann óna thaitneamhacht do chónaitheoirí agus do ghnólachtaí. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí é seo a fheabhsú chun úsáid níos mó a spreagadh as an stoc foirgneamh atá ann cheana féin ar bhealach a bhainfidh an leas is fearr as a acmhainneacht. Tá roinnt ceapach folamh agus tearcúsáidte sa cheantar freisin, a bhfuil an scóip acu le haghaidh forbartha chun tacú le carachtar láidir reatha an cheantair agus é a threisiú.



ACA

Foirgnimh an Bhardais, Ascaill Phóil


1.67

Iamhchríoch chónaithe de 11 fhoirgneamh trí stór, ceithre bhá, eagraithe i dtrí shraith. Tógadh iad sa bhliain 1900 mar áitribh oibrithe 'Corporation of Cork'. Is dea-shampla iad na foirgnimh seo den chaighdeán dearadh ailtireachta a bhí in úsáid ag an údarás áitiúil ag tús an 20ú haois.



ACA

Dúghlas - Domhnach Broc



1.68

Tá cúig fho-limistéir sa Cheantar Caomhantais Ailtireachta a fheagraíonn do na gnéithe éagsúla – tionscail, eaglasta agus tráchtála – a chomhdhéanann sráidbhailte stairiúla Dúghlas-Domhnach Broc.



ACA

Folimistéir A Dúghlas-Domhnach Broc: Dúghlas Thiar

Cur síos ar an Limistéir

1.69

Is limistéir réidh é Dúghlas Thiar a bhfuil an iarmhuilinn lochán mar theorainn aici ar an taobh thoir agus atá suite idir Abhainn na Trá Móire (suíomh Muilté Olla Phádraig ina dhiaidh sin) ó thuaidh agus bun Chnoc na Gráinsí ar an taobh ó dheas.

Ráiteas maidir le Carachtar

1.70

Tá teachainí aon stóir le 3 bhá ar an taobh eile den tsráid seo ar léir gur sráid stairiúil í, ag oscailt go díreach ar an tsráid le gairdíní ar a chúl. Bunaíodh taobh thiar na sráide faoi thús an 19ú haois le hinlíonta níos déanaí sa 19ú haois a léiríonn leathnú na muilte éagsúla sa cheantar.

Tíopeolaíocht Foirgníochta

1.71

Tá áitribh dhúchasacha, rindreáilte, sraithe ó thús an 19ú haois mar shaintréith ag an stoc foirgneamh. De ghná, 3 bhá le doras lárnach ag oscailt amach ar an tsráid. Díonta sclátaí nádúrtha claonta, píblínte d'iarann teilgthe, ingearchlónna rindreáilte le rindreáilte simléir ag poicú deighiltí na ceapaí.



1.72

Tá grúpáil de 7 n-áitreabh ag barr thuaidh Dhúghlais Thiar a bhaineann le Muilte Phádraig. Tá difríocht idir iad seo ó thaobh na tíopeolaíochta de agus iad deartha go foirmiúil, déanta as aolchloch i gcúrsaí, le fuinneoga brící agus colbhaí dorais.

Saincheistean

1.73

Tá brú ann an talamh taobh thiar de na teachíní a fhorbairt as a dtiocfaidh athruithe ar na foirgnimh stairiúla, dhúchasacha, aghaidh sráide nó caillteanas díobh. Faoi láthair tá roinnt de charachtar stairiúil na sráide caillte trí athruithe míchuí (athruithe ar dhíon, cur isteach aghaidheanna siopaí nua-aimseartha srl.) nó scartáil agus athsholáthar.

1.74

Mar gheall ar uasghrádú/athchóiriú na struchtúr cailleadh fuinneoga agus doirse bunaidh, cuireadh plaisteach in áit earraí uisce báistí a bhí déanta as iarann teilgthe agus i gcásanna áirithe athchuireadh díonta sclátaí nádúrtha agus baineadh na simléir a chuireann isteach ar rithim na ceapaí. Is é an tsráid seo an príomhbhealach rochtana ón gcathair go dtí bruachbhailte theas na Gráinsí agus Dhomhnach Broc. De bharr trácht an-trom dhá threo feadh Dúghlas Thiar, tá sé deacair carachtar an cheantair a thuiscint agus toisc gur áit chónaithe den chuid is mó é, bíonn sé deacair agus míchompordach do chónaitheoirí na sráide mar gheall ar an torann agus an truailliú a bhaineann le trácht.



ACA

Folimistéar B Dúghlas-Dhomhnach Broc: Dúghlas Thoir

Cur síos ar an Limistéar

1.75

Tá an ceantar seo suite gar don inbhear ar thalamh íseal os cionn phointe dhroichid Abhainn na Trá Móire. Go stairiúil bhí an ceantar ina lárionad gníomhaíochta tráchtála agus riaracháin den sráidbhaile Dhúglais.

Ráiteas maidir le Carachtar

1.76

Tá gnáthcharachtar de phríomhshráid baile margaidh ag an gceantar ón tréimhse sular tháinig Dúghlas chun bheith ina chuid den chathair atá ag fás.

Tíopeolaíocht Foirgníochta

1.77

Foirgnimh rindreáilte agus péinteáilte de dhá agus trí stór den chuid is mó le díonta claonta sclataí cloiche, simléir rindreáilte agus earraí báistí iarainn theilgthe, agus (sa chás ina maireann siad) saifhuinneoga sleamhnáin adhmaid suas agus síos.



Saincheisteanna

1.78

De réir mar a mhéadaíonn an chathair tá brú ann d'athfhorbairt agus na húsáidí a dhiansaothrú leis an méadú gaolmhar ar an méid tráchtála agus ar an éileamh ar pháirceáil do charranna.



ACA

Folimistéar C Dúghlas-Dhomhnach Broc: Reiligí, Séipéil agus Páirc Phoiblí na Dhúglais

Cur síos ar an Limistéar

1.79

Eaglaisí agus reiligí móra den dá shainchreideamh, paróiste Eaglais na hÉireann (bunaíodh Naomh Lúcas sa bhliain 1786, cuireadh an foirgneamh reatha ina áit in 1875) agus Eaglais Chaitliceach Rómhánach (Naomh Colm Cille a théann siar go dtí 1814) le lána na Reilige ag rith eatarthu. Tá na lárionaid eaglasta suite idir an dá cheantar de lonnaíochtaí tionsclaíochta Dhúglais Thiar agus an sráidbhaile margaidh de Dhúghlas Thoir. Bhí an ceantar ann roimh fhorbairt thionsclaíoch an tsráidbhaile mar is eol dúinn é inniu.

Ar an taobh thiar tá Sruth Dúglaise/An Bhaile Bhric mar theorainn le Páirc Phobail Dhúglais, a bhí mar lochán an mhuilinn roimhe seo (a cruthaíodh leis an dambáil de Shruthán na Dúglaise). Tá séipéal agus reilig Eaglais na hÉireann ar an taobh thoir den pháirc.

Ráiteas maidir le Carachtar

1.80

Tá an ceantar réidh tar éis a bheith cruthaithe ar iarthuillemhá Shruth na Dúglaise/An Bhaile Bhric agus Abhainn na Trá Móire le crainn aibí iontacha, séadchomharthaí uaghe cloiche gearrtha agus ballaí spallaí aolchloiche ar an teorainn.

Tíopeolaíocht Foirgníochta

1.81


Tá tábhacht ailtireachta agus sóisialta ag baint leis an Eaglais Chaitliceach Rómhánach réamhfhuascailte Naomh Colm Cille, a tógadh in 1814 agus le hEaglais bhreá na hÉireann Neo-Ghotach, Naomh Lúcas 1875 agus na séadchomharthaí reilige a bhaineann leo.

Saincheisteanna

1.82

Mar gheall ar na lánaí cúnga, cé go bhfuil carachtar láidir spásúil acu, cuirtear timpeallacht neamhtharraingteach ar fáil d'úsáid coisithe. Rinneadh roinnt uasghrádaithe a bhaineann leis an bPáirc Pobail agus le hoibreacha cosanta tuilte le déanaí ach trí uasghrádú breise ar an ríocht phoiblí cuireadh deis ar fáil don fheabhsúchán

den charachtar stairiúil. De réir mar a bheidh an chathair ag fás agus ag treisiú, beidh brú ar fhorbairt bhreise ar na háiseanna bunscoile agus pobail lena n-áirítear soláthar do pháirceáil charranna agus iompar poiblí in aice leis an bPáirc Pobail. Beidh gá le breithniú cúramach a dhéanamh chun na riachtanais seo a chothromú le carachtar tarraingteach speisialta an cheantair seo.





ACA

Folimistéar D Dúghlas-Dhomhnach Broc:

An Mangala

Cur síos ar an Limistéar

1.83

Is coillearnach uirbeach í an Mhangala i lár an iarthórdhreacha tionsclaíochta a bhain le Muilte Plúr Dhúghlais agus Monarcha Éadaí Seoil Dhomhnach Broc (a tháinig chun bheith níos déanaí na hoibreacha rópa cnáibe is mó i nDeisceart na hÉireann). Le Sruth na Dúglaise a rith isteach sa ghleann, bhí sé ina chúis le forbairt ar thionscal faoi thiomáint uisce. Fanann an tithíocht a bhaineann leis na tionscail go dtí an lá inniu agus tá sé ar cheann de na gnéithe is mó de shaintréithe shráidbhaile Dhúghlais agus Dhomhnach Broc mar atá siad sa lá atá inniu ann.

Ráiteas maidir le Carachtar


1.84

I gcoillearnach aibí ar na scairpeanna géara soir agus siar, tá an ósais ghlas chiúin seo i lár an iarthórdhreacha tionsclaíochta a cruthaíodh le Sruthán na Dúglaise/an Bhaile Bhric a shreabhann go tapa, sula ritheann sí isteach le hAbhainn na Trá Móire ó thuaidh.

Saincheistean

1.85

D'fhéadfadh brú a bheith ann d'fhorbairt saoraidí poiblí níos fearr de bharr na tóra ar an gceantar, rud a d'éileodh bainistíocht chúramach eolasach chun tionchar diúltach ar charachtar nádúrtha agus fiadhúlra an limistéir ghlais neamhdhóchúil agus chiúin seo a sheachaint ag lár an cheantair bhrúachbhailteach fairsing a sheachaint.



ACA

Folimistéar E Dúghlas-Dhomhnach Broc: Muileann Dhomhnach Broc agus a Phurláin

Cur síos ar an Limistéar

1.86

Tá Muilte Dhomhnach Broc suite ar chraobh-abhainn chúngh ghleann d'Abhainn na Dúglaise. Tá na foirgnimh thionsclaíocha i gcomhthreo leis an abhainn, agus ag an am céanna tá na foirgnimh chónaithe ghaolmhara ina gcnuasach ar an taobh thoir den choimpléasc thionsclaíochta. Téann an ghníomhaíocht thionsclaíoch anseo siar go dtí an ochtú haois déag nuair a bunaíodh muileann lín ar dtús. Cuireadh an muileann agus na foirgnimh stórála atá ar marthain ón 19ú haois in ionad na bhfoirgneamh muilinn níos luaithe ina dhiaidh sin.


Áirítear leis an ACA na sraitheanna tithe a tógadh chun freastal ar úinéirí agus oibrithe.

Ráiteas maidir le Carachtar

1.87

Tá an tírdhreach sainithe ag craobh-abhainn na Dúglaise a ritheann trí ghleann caol le hardú gear ó dheas. Tá foirgnimh thionsclaíocha na 18ú agus na 19ú haoise de bhrí dearga agus béasa eagraithe chun bheith i gcomhthreo leis an abhainn.

Áirítear sa chnuasach struchtúr stairiúil seo freisin teach tuaithe gaolmhar an úinéara, foirgnimh chónaithe sraithe d'aolchloch gearrtha agus teachainí aon stóir rindreáilte a raibh daoine ina gcónaí iontu. Tá an bailiúchán foirgneamh seo tábhachtach toisc go ndéantar ionadaíocht de gach sraith den tsochaí stairiúil sa ghrúpa chomh maith leis na foirgnimh thionsclaíocha iad féin.



Tíopeolaíocht Foirgníochta

1.88

Is sainairíonna iad foirgnimh ilstóracha an Mhuilinn ná brící dearga nascála Pléimeannaí le hoscailtí agus cúinní fuinneoige brící béasa. Mar shaintréith den mhuileann mór tá oscailtí fuinneoige móra, iomadúla, ceannchearnacha agus cearnógacha le leaca cloiche cé go bhfuil oscailtí fuinneoige agus dorais aibhsithe le brící dearga nascála Pléimeannaí ag na foirgnimh choimhdeacha stórála agus riaracháin aibhsithe le bríce béasa. Tá slinn nádúrtha ar na díonta le hearraí uisce báistí iarainn theilgte.

1.89

Is teach tuaithe measartha mór é Teach Dhomhnach Broc, áit chónaithe ó thús an 18ú haois le duine de bhunúinéirí an mhuilinn, agus rinneadh athruithe “Gotacha” níos déanaí ag tús an 19ú haois cosúil leis na túir le cumhdra sclátaí.

1.90

Tá an sraith de 5 fhoirgneamh cónaithe ag foirceann íochtair Chnoc Dhomhnach Broc d’ardchaighdeán agus iad déanta as aolchloch sneiceáilte, i gcúrsaí le brící, fuinneog bloc-agus-tús, agus colbhaí dorais. Díonta sclátaí nádúrtha claonta le stoic simléir rindreáilte agus brící dearga, tíleanna iomaire ceirmeacha agus roinnt earraí uisce báistí iarainn theilgte marthanacha. Ballaí teorann rindreáilte chun tosaigh agus ar chúl le piaraí geata agus geataí iarann buailte.

1.91

Is gnách go bhfuil an dá shraith de theachíní oibrithe ina n-aon stóir, le simléir brící dearga ag poncú na deighiltí maoine ar dhíonta sclátaí nádúrtha agus bhíodh earraí báistí iarainn theilgte orthu ar dtús, agus cuireadh PVC in áit go leor acu. Tá na doirse tosaigh suite go lárnach le fuinneoga cliathánacha le leaca cloiche. Tá na foirgnimh rindreáilte agus péinteáilte, agus bheadh siad mar sin ar dtús.



Saincheistean

1.92

Mar gheall ar na riachtanais spáis agus solais sa saol nua-aimseartha tá breisithe neamhógair ar na foirgnimh thionsclaíocha. D’fhulaing na struchtúir tí mar gheall ar ghnéithe cáilíochta cosúil le saifhuinneoga agus earraí uisce báistí iarainn theilgte a athsholáthar le coibhéisí plaisteacha nua-aimseartha mí-oiriúnacha. Bíonn tionchar diúltach ar an rithim agus ar charachtar stairiúil sraitheanna na dtithe mar gheall ar fhuinneoga dormánta móra agus póirsí ar cuireadh leis na teachíní. Tá obair chaomhnaithe ar siúl ar Theach stairiúil Dhomhnach Broc chun tuilleadh caillteanais a bhaint as fabraic stairiúil a chosc.

1.93

Cuirtear fáilte roimh úsáid leanúnach na bhfoirgneamh thionsclaíochta, ach ní dhearnadh na hidirghabhálacha bainteacha go léir chun úsáidí nua-aimseartha a éascú ar an gcaighdeán céanna, rud a d’fhág go gcailltear roinnt fabraice fad is a mhéadaíonn comharthaíocht neamhógair, rud a mbíonn tionchar diúltach aige ar charachtar stairiúil na muite.




ACA

Bóthar Dhúglais - Iarthuaisceart

1.94

Tá an ACA seo comhdhéanta de 6 shraith de thithe péinteáilte rindreáilte ar an taobh theas den chuid thiar thuaidh den bhóthar Dhúglas, eadhon Plás Choill na Feá, Ardán Eldred, Coill na Raithní, Plás Belmont, Coill Laurel agus Coill na Giúise. Téann siad siar go dtí deireadh an 19ú haois agus tús an 20ú haois agus is sampla tarraingteach grúpa iad d'fhorbairt fo-uirbeach meánaicmeach an ama.



ACA

Suíomh Iarmhonarcha Ford, Páirc Tráchtála na Muiríne



Cur síos ar an Limistéar

1.95

Tá an Laoi ar theorainn an cheantair ó thuaidh, na sadhlanna gráinne fairsinge agus na plandaí leasacháin ar an taobh thiar, agus an athfhorbairt níos déanaí ag iar-láithreán Dunlop agus foirgnimh Ford níos deireanaí soir agus ó dheas. Síneann an Limistéar Caomhantais Ailtireachta agus tá sé comhdhéanta de ghléasra tarracóra 1917, síntí 1929 soir agus siar, agus an gléasra leictreach ó na 1930idí luatha.

Ráiteas maidir le Carachtar

1.96

Is é an gléasra tarracóra, Déanmhas Cosanta PS1135, an struchtúr is sine ar an suíomh a tógadh idir 1917 agus 1919. Tá tábhacht idirnáisiúnta stairiúil, seandálaíochta, teicniúil agus ailtireachta ag baint leis mar cheann de na chéad ghléasraí cóimeála coincreit threisithe aon stóir ar domhan. Dhear agus thóg innealtóirí Ford ó Detroit é, áit a raibh an próiseas táirgthe líne cóimeála nua-aimseartha forbartha ag Henry Ford agus bhí a dhearthóirí ag cruthú ailtireachta tionsclaíochta de chineál nua chun é a chur san áireamh.

Leis na struchtúir níos déanaí ar an láithreán, a bhfuil tábhacht stairiúil, ailtireachta agus seandálaíochta tionsclaíoch leo, léirítear éabhlóid an dearadh ailtireachta tionsclaíoch.

1.97

Tá na struchtúir suite ar shuíomh mór réidh, poldar a fuarthas ón abhainn go bunúsach, an chuid íochtair ar an taobh ó dheas faoi bhun leibhéal lánmhara, ag ardú de réir mar a bhuaileann sé le ciumhais na habhann áit ar tógadh bunfhearas tarracóra Fordson agus céibh coincreíte ar leibhéal níos airde chun tuilte a sheachaint agus chun an talamh íochtarach a shíneann siar i dtreo Bóthar na Páirce Láir a chosaint.

1.98

Athrófar sainghné reatha na struchtúr fairsing íseal atá suite i socrú ortagánach i dtírdhreach cothrom tionsclaíoch de réir mar a athfhorbraítear an ceantar agus de réir mar a threisiítear na húsáidí.



Saincheistean

1.99

Ní hé an dúshlán cur i gcoinne an athraithe ach a chinntiú go léireoidh athfhorbairt nua ar dhlús níos airde bunús tionsclaíochta agus stairiúla an láithreáin agus go gcoimeádann sé a thábhacht mar chuid de choincheap nua mar cheathrú uirbeach nua ar bhruach na Laoi.

1.100

Tá sé tábhachtach a aibhsiú nach gciallaíonn coinneáil thábhacht stairiúil, ailtireachta, tionsclaíochta, seandálaíochta agus teicniúil an láithreáin go gcoimeádtar fairsinge iomlán na struchtúr tionsclaíoch stairiúil íseal: ina ionad sin, le coinneáil a suntasachta, cuirtear na struchtúir shuntasacha i gceartlár coincheap spásúlachta agus ailtireachta nua don fhorbairt den láithreán, mar atá léirithe san iarratas planála le déanaí don láithreán a cheadaigh an Chomhairle Cathrach in 2012.



ACA

Ceantar Shráid na mBráthar

1.101

Tá grúpaí de scéimeanna feabhsaithe tithíochta sa cheantar seo ó dheireadh an 19ú haois agus tús an 20ú haois suite ó dheas de Shráid Shíorghlas agus lastoir de Shráid na Beairice. Tógadh iad mar iarracht chomhaontaithe chun caighdeán na tithíochta sna codanna traidisiúnta plódaithe de Chathair Chorcaí a fheabhsú. Tá mionsonraí tarraingteacha ag go leor de na tithe atá tipiciúil de stíl ailtireachta a gcuid ama agus tá cinn eile simplí agus furasta. De ghnáth déantar iad go léir a dhearadh go foirmiúil i ngrúpaí, tá siad de dhá stór nó stór go leith ar airde, déanta as brící (cé go ndearnadh go leor a phlástráil ina dhiaidh sin) le díonta sclátaí cloiche nádúrtha agus fuinneoga adhmaid.



Imleabhar 3 | Cuid 1



Cnoc Grattan, Plás Lincoln, Ardán an Aicéadaigh agus Ascaill Uí Mhathúna



Ráiteas maidir le Carachtar

1.103

Tá an limistéar, a bhfuil tábhacht ailtireachta agus stairiúil ag baint leis, comhdhéanta de trí chuid ar leith: Ascaill Uí Mhathúna, Ardán an Aicéadaigh, idir bearna sna tithe sa chuid íochtair d'Ascaill Uí Mhathúna, agus Cnoc Grattan/Ardán Wellington/Plás Lincoln agus Ardán Radharc na hAbhann. Tá an ceantar laistigh den teorainn thar a bheith cónaitheach i gcarachtar, úsáideoir tráchtála amháin agus bunscoil mar na heisceachtaí amháin.

1.104

Is í Ascaill Uí Mhathúna an príomhbhealach tríd an gceantar, as a fhaightear rochtain ar Chnoc Grattan agus Ardán an Aicéadaigh. Is sráid aontaobhach í le sraitheanna grúpáilte de thithe 2 stór, 2 bhá den chuid is mó, suite taobh thiar de bhallaí agus ráillí ar an taobh thiar theas den tsráid. Ar an taobh thoir thuaidh os a chomhair tá balla teorann cloiche ghairdíní Theach Westboro, ar Dhéanamhas Cosanta é, le gairdíní fairsinge ina bhfuil crainn aibí agus toir. Ag foirceann uachtair na hAscaille tá struchtúir a bhain le hEaglais Naomh Lúcas ar dtús - bunscoil Eaglais na hÉireann agus an t-iar-reachtaire.

1.105

Tá bealach isteach chuig Ardán an Aicéadaigh ón taobh íochtair d'Ascaill Uí Mhathúna. Téitear isteach trí bhealach isteach caol idir na tithe, osclaíonn sé amach ar an taobh theas den ardán aonchineálach de thithe 2 bhá, 2 stór a bhfuil a n-aghaidheanna i dtreo an deiscirt. Tá na tithe in úsáid chónaithe aon áitíochta.

1.106

Tá an ceantar comhdhéanta de Chnoc Grattan, Ardán Wellington, Plás Lincoln agus Ardán Radharc na hAbhann suite ar an taobh thoir d'Ascaill Uí Mhathúna agus díreach lastuaidh den iar-chonair iarnróid. Cuimsíonn sé go príomha tithe sraithe 2 agus 3 stór ó dheireadh na ré Seoirsí agus Vichteoiríche, cuid acu in áitíocht aonteaghlaigh, cuid acu foroinnte ina aonaid fhéinchiomsitheacha.

1.107

Tá na bloic tithe deartha chun aghaidh a thabhairt ar an taobh ó dheas, cé go bhfuil an phríomh-rochtain go ginearálta, ach ní i gcónaí, ó thaobh na sráide, is cuma an bhfuil an teach ar an taobh thuaidh nó ó dheas. Tá go leor de na foirgnimh deartha le breathnú amach orthu agus a bheith le feiceáil fad ó lár na cathrach agus ó dheas den abhainn. Tógadh na tithe Seoirseacha déanacha ar thailte sean tí ón 18ú hAois a bhí roinnte ina dhá theach (uimhreacha 1 & 2 Plás Lincoln anois).



Tíopeolaíocht Foirgníochta

1.108

Tá na foirgnimh atá sa chuid is mó den limistéar tógtha de bhrící nó de chloch, rindreáilte le haol nó le sean-stroighin de ghnáth. Nuair a choinníonn tithe na bunghnéithe ingearchló, bíonn saifhuinneoga sleamhnáin adhmaid orthu chomh maith le díonta de sclátaí cloiche nádúrtha agus earraí báistí iarainn theilgthe. Tá ballaí teorann ailtireachta ag go leor tithe le doirse nó geataí, ráillí iarainn theilgthe, agus céimeanna seachtracha le ráillí láimhe miotail.

Tá codanna suntasacha de chosáin sa cheantar, le céimeanna cloiche, ráillí iarainn theilgthe agus stráicí cosáin aolchloiche.


Saincheisteanna

1.109

Tá an ceantar ag dul faoi athraithe. Tá tithe iláitíochta á n-athchóiriú agus á gcur ar ais chuig úsáid aon-teaghlaigh agus aonaid féinchiomsitheacha níos mó. Tá uasghrádú á dhéanamh ar chinn eile atá in il-áitíocht, ach níl cuid acu á gcothabháil ar bhealach a oireann dá gcarachtar ailtireachta. Tá teorainn le páirceáil do chónaitheoirí mar gheall ar chomh cúng is atá na sráideanna. Úsáideann go leor comaitéirí Ascaill Uí Mhathúna mar bhealach ó Bhóthar Ghleann Maghair íochtarach suas go Crosaire Naomh Lúcas agus isteach i lár na cathrach a mbíonn tionchar tromchúiseach acu ar thaitneamhacht na gcónaitheoirí áitiúla.







ACA

An Cnocán Glas

1.110

Léiríonn an Cnocán Glas cineálacha éagsúla foirgneamh ó na tithe beaga a chruthaíonn líne ar Shráid an Ghúlaigh, Ardán Mhuire agus Ardán Fhionnbharra go dtí an teach breá dhá stór le háléar ar Chorrán an Chéid. Ós rud é go bhfuil an ceantar teoranta le dhá fhoirgneamh ar leith, Séipéal an Locha agus Ionad Pobail an Locha, éascaítear céannacht an cheantair a athneartú.



ACA

Páirc Hoirbeaird



Cur síos ar an Limistéar

1.111

Is cul-de-sac gearr é Páirc Hoirbeaird atá suite ar an taobh thoir de Chnoc Ghairdinéir. Leagadh amach an tsráid go luath sa 20ú haois le trí phéire tithe leathscoite móra ar an taobh thuaidh den tsráid ag breathnú ó dheas. Go luath sna 1930idí tógadh roinnt tithe ar an taobh theas den tsráid. Dhear an t-ailtire Henry Houghton Hill iad i stíl ailtireachta nua-aimseartha measartha ach sofaisticiúil atá éagsúil leis na tithe bunaidh os a gcomhair ach a shuíonn go compordach gan baint ón suíomh bunaidh.

Ráiteas maidir le Carachtar

1.112

Tá na péirí tithe bunúsacha ó thús an 20ú haois, a cheap an t-ailtire iomráiteach as Corcaigh, Arthur Hill, deartha i stíl ealaíon agus ceardaíochta ar saintréith de chuid na tréimhse Éadbhardaí iad. Coinníonn an grúpa a ngnéithe ailtireachta bunaidh go pointe suntasach agus is sárshampla iad de thithíocht mheánaicmeach dá gcuid ama agus a n-áit.

1.113

Cé go raibh an tsráid leagtha amach ar dtús le foirgnimh ar an taobh thuaidh, tógadh roinnt tithe leis an ailtire Henry Houghton Hill ar an taobh theas, a ceapadh go cúramach gan dul in iomaíocht le nó tógáil ó shuíomh na dtithe móra os a gcomhair mar gheall ar a leibhéal níos ísle agus léiriú líneach ailtireachta.

Tíopeolaíocht Foirgníochta

1.114

Tógtar na tithe bunaidh de mheascán de bhrící, rindreáil gharbhtheilgthe agus tileanna cré, le díonta sclátaí cloiche agus saifhuinneoga adhmaid. Tá gach teach, cé gur ceann de phéire iad, tá sé deartha go siméadrach timpeall ar chuas lárnach starrach le doras tosaigh ar leibhéal na talún agus binn leac-chumhdaithe ag gobadh amach ón bpríomhdhíon.

1.115

Léiriú ailtireachta níos lú is ea na tithe le H. H. Hill ar an taobh theas ach de cháilíocht ailtireachta inchomparáide. Chomh maith leis sin, dhá stór le lóistín áiléir, tá siad garbhtheilgthe le mionsonraí míne plástair, díonta tíle, agus le fuinneoga cáisminte phána beaga ach le stíl nua-aimseartha. Tá roinnt tithe eile curtha leis ó shin atá suite go compordach laistigh den phatrún socraithe ag na céimeanna tógála níos luaithe.

Saincheistean

1.116

Tá na tithe dea-choinnithe agus go ginearálta tá siad uasghrádaithe go báúil ach cailleadh roinnt sonraí bunaidh ar roinnt tithe.




ACA

Bóthar Ghleann Maghair Íoch


1.117

Tá Stáisiún Iarnróid an Cheanntaigh agus clós eagraithe ó dheas ar an teorainn leis an limistéar ina bhfuil an ACA seo, an droichead iarnróid lastoir agus bunlíne iarnróid an Chóibh agus Mhainistir na Corann ó thuaidh. Tá cineálacha éagsúla tithe sraithe ann ach a théann siar go tús agus lár an 19ú hAois de ghnáth. Tá ráillí agus céimeanna chuig an tsráid ag cuid acu, do chuid eile faightear rochtain go díreach ón tsráid. Tá ballaí rindreáilte de chloch spallaí péinteáilte ag formhór acu, a raibh díonta sclataí cloiche agus saifhuinneoga adhmaid orthu ar dtús. Tá roinnt foirgneamh a bhfuil aghaidheanna tarraingteacha siopaí adhmaid nó tileanna orthu suite i measc na dtithe sraithe den chuid is mó de dhá nó trí príomhstór.



ACA

Sráid Mhic Curtáin



Cur síos ar an Limistéar

1.124

Ritheann ACA Shráid Mhic Curtáin idir Sráid an Droichid ar an taobh thiar agus Sráid Bhriain Ború ar an taobh thoir, agus idir an Cuisle Thuaidh den Laoi agus cúl na réadmhaoine feadh Shráid Mhic Curtáin áit a bhfuil siad in aice leis an scairp ar an taobh theas de Bhóthar Wellington.

Ráiteas maidir le Carachtar

1.125

Tá dhá phríomhshráid san ACA a bhfuil tréithe ar leith agus codarsnacha acu.

1.126

Is sráid fhoirmiúil Vichteoiriach í Sráid Mhic Curtáin a shíneann idir Sráid an Droichid agus Sráid Bhriain Ború, le meascán de chineálacha foirgneamh – struchtúir ornáideacha cloiche agus brící ildaite ó dheireadh na 19ú haoise ar nós Thompson House, an tÓstán Metropole, agus bialann agus óstán Isaac ina measc. Idir iad seo tá foirgnimh sraithe plástair péinteáilte beagán níos luaithe agus le roinnt foirgneamh saineiúil ó lár an 20ú haois ar an taobh thuaidh, mar shampla an t-iar-bhácús Thompson um rollóg Eilvéiseach le ballaí cuirtíní agus an iarfhoirgneamh CBC le haghaidh chloiche air.

1.127

Is céibh níos ísle ó dheas é Cé Phádraig, le sráid-dreach éagsúil líneáilte ag oifigí agus trádstórais iar-chuideachtaí loingseoireachta, go leor le clóis iata chun tosaigh, agus limistéir clúdaithe ar a gcúl; le nádúr neamhfhoirmiúil an iar-ché mhuirí ceadaítear do fhairsing iomlán chúl an limistéir tí d'amharclann an Everyman agus cúl Óstán an Metropole a fheiceáil go soiléir.

Tá céimeanna, mullaird, ráillí iarainn níos sine agus céanna coinnithe ar thaobh na cé aolchloiche, fianaise ar a thábhacht i stair mhuirí Chorcaí.

Tíopeolaíocht Foirgníochta

1.128

Tá meascán d'fhoirgnimh polacrómatacha spéisiúla agus mhórthaibhseacha ó dheireadh na ré Vichteoiríche ar Shráid Mhic Curtáin i ngaineamhchloch dearg, aolchloch airgid Chorcaí agus obair brící, chomh maith le struchtúir phlástráilte le héadanas caol níos lú le saisfuinneoga adhmaid, díonta sclátaí cloiche agus earraí uisce báistí miotail teilgthe.

Tá roinnt struchtúr suntasach ón 20ú haois ar an taobh thuaidh den tsráid i gcloch, imbhalla alúmanaim a chuireann le carachtar eicléictiúil agus sainiúil na sráide.

1.129

Téann na foirgnimh ar Ché Phádraig siar go dtí an 19ú haois freisin ach tá carachtar níos réasúnta agus nach bhfuil chomh gáifí – iar-oifigí loingseoireachta

le trádstórais, na codanna cúil neamhfhoirmiúla d'fhoirgnimh níos mó atá ar aghaidh Shráid Mhic Curtáin, a tógadh de ghnáth le brablach plástráilte nó ballaí brící, le fuinneoga adhmaid, díonta sclátaí cloiche agus earraí uisce báistí miotail teilgthe.

Saincheistean

1.130

Chuir Droichead nua Mary Elmes go mór leis an nasc idir an 'Ceathrú Vichteoiríach' seo agus an t-oileán i lár na cathrach agus cuirfear dlús leis an bhforbairt ar láithreáin tearcúsáide dá bharr. Tá sé inmhiannaithe go gcoinneofaí na struchtúir Vichteoiríacha agus mhuirí mar chuid d'athghiniúint na ráithe. Le tógáil droichid ar an taobh thoir sa 20ú haois gearradh an ché ón loingseoireacht, agus bhí an

easpa úsáide mar chúis le meath ar bhonneagar muirí chois na cé. Bheadh sé inmhiannaithe úsáid níos mó as an abhainn a spreagadh chun leas a bhaint as an mbonneagar atá ann faoi láthair agus as an taobh ó dheas den ché.








ACA

An Mhuirdíog



Cur síos ar an Limistéar

1.118

Sainmhínítear Limistéar Caomhantais Ailtireachta (ACA) na Mairdige ag patrún líneach forbartha, atá dírithe ar an bpríomhbhealach a shíneann ó choimpléasc The Maltings ar an taobh thoir de thailte Eaglais Chaitliceach an Chroí Ró-Naofa ar Bhóthar an Iarthair. Tá an Laoi lastuaidh de agus cruthaíonn gairdíní cúil na tithíochta sraithe den chuid is mó teorainn theas an ACA.

Ráiteas maidir le Carachtar

1.119

Le patrún líneach sráide Siúlóid na Muirdíge agus Paráid na Díge, a shíneann siar go dtí an taobh thoir, cuirtear creat láidir ar fáil ina bhfuil stíleanna éagsúla ailtireachta a tógadh ón 18ú haois go dtí an lá inniu. Coinníonn sé carachtar na hascaillr líneáilte le crainn stairiúla leamháin feadh a fhad agus tugtar le fios an chaoi a raibh sé san am atá thart le Lóiste an Chonstábla mar phromanáid le geata. Cé gur ceantar cónaithe go príomha atá sa cheantar le húsáidí áineasa agus oideachais atá ionchorpraithe feadh a theorainn thuaidh ar thuilemhá na Laoi, tá sé roinnte ina dhá chuid ar leith ag acomhal Siúlóid na Muirdíge agus Slí Chumann na mBan.

1.120

Ar an taobh thoir, tá Paráid na Díge agus cuid de Shiúlóid na Muirdíge sa cheantar. Tá sé uirbeach den chuid is mó, agus mar shaintréith aige tá bóthar fairsing le cosáin leathana do choisithe agus clampaí ortagánacha crann. Tá a stoc stairiúil de thithe sraithe Seoirseacha agus Vichteoiriacha Déanacha grúpáilte le chéile in sraitheanna deartha go foirmiúil, agus idir tithe baile 3-stór ar an tsráid agus tithe 2-stór níos measartha le gairdíní tosaigh le ballaí le bailchríocha éagsúla lena n-áirítear rindreáil mhín, cloch ghearrtha le cúinní brící dearga, cuid acu le cóipeáil aolchloiche agus ráillí iarainn saoirsithe orthu go minic. Tá institiúidí oideachais tábhachtacha éagsúla sa limistéar atá idir an bóthar agus an abhainn, lena n-áirítear Scoil Náisiúnta Naomh Seosamh a chuireann a suíomh beagnach díreach ar imeall na sráide mar aon lena balla teorann rindreáilte garbhtheilgthe agus ráille ard iarainn saoirsithe lena feiceálacht laistigh dá timpeallacht stairiúil.

1.121

Ar an taobh thiar de Shlí Chumann na mBan, tá an ceantar atá dírithe ar Shiúlóid na Muirdíge an-difriúil ó thaobh carachtar le meascán d'úsáidí áineasa agus cónaithe. Tá sé i bhfad níos lú ó thaobh scála agus ní chomh uirbí ó thaobh carachtair de, agus cuireann clúdach níos aonfhoirmí de thoir agus de chrainn leis feadh teorainn thuaidh bóthar níos measartha. Is gné thábhachtach í an láimhseáil éagsúil ar an teorainn idir

áitribh chónaithe phríobháideacha agus an ríocht phoiblí a théann i bhfeidhm ar shainghné an cheantair seo, bíodh sé sin na geataí arda agus na garáistí do na gairdíní cúil d'fhoirgnimh mhóra 3 agus 4 stór a bhfuil a n-aghaidh ar Bhóthar an Iarthair, na ballaí rindreáilte ísle le ráillí iarainn shaoirsithe na ngairdíní tosaigh in áitribh sraithe Vichteoiriach níos lú de 2 stór a thugann a n-aghaidh ar Shiúlóid na Muirdíge nó na ballaí níos airde de thithe leathscoite ó lár an 20ú haois a bhfuil steancán méaróg orthu.

1.122

I gcodarsnacht leis sin, is ceantar áineasa den chuid is mó atá sa cheantar lastuaidh de Shiúlóid na Muirdíge agus tá go leor cumainn spóirt stairiúla ann lena n-áirítear Club Bádóireachta agus Leadóige Thobar Rí an Domhnaigh agus Club Cruicéid Chontae Chorcaí, clubthithe ó thús an 20ú haois, an dá cheann acu deartha de stíl Choilíneachta, a chuireann le carachtar an cheantair. Tá luach sóisialta agus oidhreachta ag baint le taitneamhacht thábhachtach phoiblí Pháirc Mhic Gearailt chomh maith le teorainn Choimpléasc Spóirt na Muirdíge COC, déanta de bhallaí cóirithe aolchloiche le cóipeáil rindreáilte agus ráillí míne iarainn shaoirsithe le móitíf trírinne mar aon leis na geataí casta ag acomhal Shiúlóid na Muirdíge agus Bóthar an Iarthair, agus cuireann siad le carachtar stairiúil éagsúil an cheantair.





ACA

Plás Mháire 1-12, Bóthar an Mhuilinn Ghaoithe


1.123

Ardán suimiúil de 12 theach dhá bhá dhá stór, tógtha timpeall 1895 agus é suite ar an taobh thiar de Bhóthar an Mhuilinn Ghaoithe. Tá codarsnacht idir aghaidheanna beannacha na sraithe seo agus aghaidheanna rialta an cheantair seo den chathair agus cuireann a scála agus a bhfoirm go mór leis an sráid-dreach.



ACA

Eastáit Bhóthar Melbourne



Cur síos ar an Limistéar

1.131

Tá an ACA seo dírithe ar limistéar plean oscailte Ascaill Melbourn, bruachbhaile a forbraíodh go déanach sna 1960idí agus go luath sna 1970idí. Le himeacht ama, tógadh foirgnimh oideachais cosúil le MTU CIT (tógtha i 1977), Pobalscoil Bhaile an Easpaig (tógtha i 1979), agus Bunscoil an Spioraid Naoimh (oscailte i 1964), timpeall ar Bhóthar Melbourn. Tógadh an t-eastát ar dtús mar cul de sac ó Bhóthar an Churraichín. I 1979 osclaíodh é seo ar Ascaill Rossa chun Bóthar an Churraichín agus Bóthar na Modhfheirme a nascadh.

1.132

Méadaíodh an t-eastát le 131 teach, a dhear an t-ailtire as Corcaigh, Denis Higgins (d.2001) bunaithe ar stíl nua de dhearadh fo-uirbeach, plean oscailte, bhí 4 bliana caite ag Higgins i mBostún, Meiriceá le linn na 1960idí (is cathair í Woburn atá 9 míle ó thuaidh ó Bhostún. Tá Beverley i Massachusetts freisin). Ba dhearthóir de Janeville, Bóthar na Dúcharraige é freisin. Bhí sé seo i gcodarsnacht le forbairt níos luaithe i 1965 nach raibh ina phlean oscailte (Frank Murphy

Ráiteas maidir le Carachtar

1.133

Is tírdhreach bruachbhailteach nua-aimseartha atá inaitheanta go soiléir é seo arb é is sainairíonna ann easpa ballaí teorann idir na maoine agus os a gcomhair, rud a thugann carachtar oscailte fairsing, uathúil don chathair. Is meascán de thithe leathscóite agus scoite iad na tithe, le faiche timpeall orthu atá leagtha amach i bpatrún tuislithe chun gné phríobháideachta a cheadú idir maoine. Tá an limistéar sainithe freisin ag crainn aibí seanbhunaithe a chuirtear ar chúinne gach maoine ina n-aonar nó i ngrúpaí de thrí go minic maidir le speicis níos lú.

Tíopeolaíocht Foirgníochta

1.134

Saintréith de chuid na dtithe is ea dearadh nua-aoiseach lár na haoise le fuinneoga cothrománacha, sceimhleacha ar crochadh os a chionn, cumhdach brící agus céadair, éadan beannach (le haghaidh áitribh scoite), le steancán méaróg ar na taobhanna agus ar chúl.

Saincheistean

1.135

Faoi láthair tá carachtar deplean oscailte ag an tírdhreach bruachbhailteach seo. Mar sin féin, tá cónaitheoirí ag sainiú níos mó agus mó teorainneacha a réadmhaíne trí úsáid a bhaint as fálú nó fálú. Beidh tionchar diúltach aige seo ar charachtar foriomlán agus ar fhís dearaidh bhunaidh an eastáit. Is cosúil go bhfuil claíocha nua feadh Bhóthar Melbourn go ginearálta, a bhíonn faoi réir tráchta throim, go minic thar an luasteorainn, le 2 bhás ar an mbóthar le déanaí. De ghnáth ní bhíonn tógáil fálta teorann faoi réir riachtanais chead pleanála nuair a bhíonn siad ar thaobh nó ar chúl na dtithe, ach, mar sin féin, bíonn tionchar diúltach acu ar charachtar plean oscailte an eastáit. D'fhéadfadh bearta feabhsaithe teorannaithe luais (comharthaí leictreacha, uchtóg moillithe srl) luas tráchta a laghdú agus mar thoradh air sin d'fhéadfadh sé go gcuirfí deireadh leis an mian le haghaidh sconsaí teorann. Tá leagan amach agus ingearchlónna na n-áitreabh mar chuid de scéim ailtireachta nua-aimseartha fhoriomlán atá intreach do charachtar an eastáit.



ACA

Ardán Chnoc an Mhiortail



Cur síos ar an Limistéar

1.136

Tá Limistéar Caomhantais Ailtireachta Ardán Chnoc an Mhiortail suite lastuaidh d'Abhainn na Laoi, agus ag breathnú amach uirthi, díreach os comhair Pháirc na Muiríne, agus ó dheas de lána príobháideach go Teach Chnoc an Mhiortail. Tá bóthar príobháideach, bóthar poiblí (Bóthar Ghleann Maghair Íochtarach) agus an líne iarnróid mar theorainn leis an suíomh. Tá na tithe forbartha ar bhealach Soir go Siar, agus na tithe níos sine lonnaithe sa chuid Thoir den ardán, ar thalamh ó dheas ó bhealach isteach príobháideach Chnoc an Mhiortail ina bhfuil sraith de philéar aolchloiche agus roinnt ráillí iarainn theilgte atá fós ar marthain. Tá na tithe scartha ón mbóthar poiblí le forbairt an iarnróid agus tá rochtain orthu anois thar chrosaire comhréidh.

Ráiteas maidir le Carachtar

1.137

Tá suntas ailtireachta agus staire ag baint leis an gceantar agus tá sé comhdhéanta de roinnt Déanmhas Cosanta agus neamhchosanta, agus is tithe cónaithe an-mhór atá ann. Tá bóthar aonair ag freastal ar Ardán Chnoc an Mhiortail ina bhfuil teach sraithe de dhá stór go leith agus trí stór ar gnách gur aonaid áitíochta aonair nó foroinnte iad. De ghnáth bíonn siad seo suite taobh thiar de bhalla agus ráillí iarainn. Mar sin féin, baineadh cuid de na ballaí, geataí agus ráillí bunaidh chun spás a chruthú do charranna nó cuireadh coibhéisí nua-aimseartha ina n-ionad. Os comhair na dtithe tá balla teorann cloiche a chuireann cosc ar rochtain ar an iarnród. Tá na tithe go léir deartha chun aghaidh a thabhairt ar an deiscirt, agus tá rochtain ó thaobh an bhóthair den teach. Tá an ardán deartha le breathnú amach thar an abhainn, ag baint leasa as na radhairc.

Tíopeolaíocht Foirgníochta

1.138

Téann na foirgnimh siar ón 19ú hAois agus tógar iad ag úsáid saoirseachta rindreáilte péinteáilte. Coinníonn go leor de na foirgnimh a ngnéithe ingearchló bunaidh agus a gcúirtealáiste, lena n-áirítear sreangchúrsa, saifhuinneoga sleamhnáin, doirse adhmaid péinteáilte agus cásanna dorais le feanléasacha, colúin, cartlanna fuinneoige, céimeanna cloiche, sclátaí cloiche agus geataí agus ráillí bunaidh.

Saincheistean


1.139

Athchóiríodh go leor foirgneamh le blianta beaga anuas. Rinneadh roinnt foirgneamh a fhoroinnt ina dteaghaisí iláitíochta freisin. Níor coimeádadh roinnt foirgneamh ar bhealach a oireann dá gcarachtar ailtireachta. Cé go bhfuil go leor de na tithe seo athchóirithe go leibhéal ard, ní dhearna cuid acu, agus is féidir le caighdeán na ceardaíochta agus na sonraí a bheith ar neamhréir. Mar gheall ar an ngá atá le páirceáil a sholáthar go háirithe, cuitear páirceáil ar fáil ann, agus cailleadh na geataí agus na ballaí d'iarann teilgte agus saoirsithe.



ACA

An Phríomhshráid Thuaidh



Cur síos ar an Limistéar

1.140

Tá an ceantar dírithe ar an bPríomhshráid Thuaidh agus cuid den Phríomhshráid Theas. Ar an taobh thoir tá cúl na réadmhaoine (ach gan a bheith san áireamh) ar an bParáid Mhór, Sráid Mhargadh an Arbhair, ar an taobh thiar ag Sráid Grattan, ar an taobh theas ag Sráid Hanover, agus ar an taobh ó thuaidh ag cuid de Chéanna an Bhaitisiléaraigh agus an Chearlaih.

Ráiteas maidir le Carachtar

1.69

Chomh maith lena thábhacht ailtireachta, is ceantar é lena mbaineann an suntas stairiúil agus seandálaíochta is mó laistigh de theorainneacha na cathrach agus mar sin tá tábhacht chathartha ag baint leis do Chorcaigh. Is é suíomh na cathrach meánaoise bunaidh é agus léiríonn leagan amach sráide agus lánaí an lae inniu de na ceapacha buirgíse luath-mheánaoise. Is de bhunús an 18ú agus an 19ú hAois den chuid is mó na foirgnimh a tógadh tar éis an phríomhshráid chúng meánaoiseach a leathnú. Faoi bhun na sráide reatha agus fabraic an fhoirgnimh tá stór saibhir seandálaíochta de stair meánaoiseach na Cathrach. Is séadchomhartha taifeadta é iarsmaí bhalla na cathrach agus an crios seandálaíochta ar fad faoin talamh.

1.141

Síneann an Phríomhshráid Thuaidh ó Dhroichead Uí Ghríofa (droichead an Gheata Thuaidh roimhe seo) sa tuaisceart, a iompraíonn an bóthar ón Seandún go dtí oileán na habhann, go Cearnóg an Chaisleáin sa deisceart tríd oileán na habhann. Déanann an bóthar a bhealach trasna le cuar beag oileán na habhann a bhí ann roimhe seo agus leathnú suntasach i dtreo a fhoirceann theas, tréithe a bhaineann leis an tréimhse mheánaoiseach. Trasnaíonn an bóthar cainéal atá lintealach anois go dtí an Phríomhshráid Theas mar atá inniu ann agus críochnaíonn sé ag seanchearnóg an Chaisleáin.

1.142

Tá na foirgnimh ar thaobh thiar na Paráide Móire, Sráid Mhargadh an Arbhair, Sráid Anraí agus Sráid na Croise tógtha thart ar líne iar-bhalla na cathrach. Comhfhreagraíonn na sráideanna seo leis na cainéil abhann a bhíodh timpeall ar an gcathair mhúrtha meánaoiseach agus sholáthair siad rochtain le haghaidh trádála agus cosanta ó ionsaí.

Tíopeolaíocht Foirgníochta

1.143

Taobh leis na Príomhshráideanna Thuaidh agus Theas, tá aghaidh chaol ar na foirgnimh den chuid is mó le ceapacha fada agus lána ag rith idir gach péire foirgneamh. Tá go leor de na lánaí ionchorpraithe anois i bhfoirgnimh mar hallaí nó mar rochtain phríobháideach. Bíonn airde foirgneamh idir 3 agus 4 stór den chuid is mó, le háitribh thráchtála ar urlár na talún. Tá foirgnimh ar na sráideanna tánaisteacha cosúil leo, ach le meascán d'áitribh tráchtála agus tithe tí. De bharr na n-éadanas cúnga, síneann go leor gnólachtaí ar an bPríomhshráid Thuaidh agus Theas agus ar na sráideanna taoibh níos mó trasna roinnt foirgneamh agus ceapach.

1.145

Is éard atá i gceist le bailchríocha seachtracha plástair péinteáilte go príomha os cionn ballaí brící agus brabhlach, saifuinneoga sleamhnáin adhmaid, díonta claonta sclátaí cloiche le hearraí uisce báistí iarainn theilgthe. Tá roinnt foirgneamh ar scála níos mó suite ag an gceann thuaidh den Phríomhshráid Thuaidh a sholáthraíonn áiseanna fóillíochta agus siopadóireachta ar fud na cathrach i gcoimpléisc nua-aimseartha. Tá roinnt foirgneamh institiúideach laistigh den cheantar. I measc na samplaí suntasacha tá na hEaglaisí Proinsiasacha agus Agaistíneacha ó lár an 20ú haois, Halla Chumann na bhFear Óg Caitliceach,.

Eaglais Pharóiste Eaglais na hÉireann ón 18ú haois, Naomh Peadar (Cork Vision Centre) atá suite siar ó aghaidh na sráide, taobh thiar de ráillí iarainn theilgthe.

Saincheistean


1.146

Tá an ceantar ag fulaingt i gcónaí mar gheall ar an meath leanúnach ar a ról traidisiúnta geilleagrach agus sóisialta in ainneoin an ardú a tháinig chun cinn i bPlean Gníomhaíochta an Ionaid Stairiúil de 1994. Ní mór don Chomhairle Cathrach, do chónaitheoirí áitiúla, don lucht gnó, d'úinéirí réadmhaoine agus don phobal i gcoitinne, a bhaineann úsáid as an gceantar, iarracht leanúnach a dhéanamh leis an tionscnamh sin.

1.147

Tá an easpa comhtháthaithe leis an gceantar cathrach tráchtála nua-aimseartha ar an taobh thoir ag feabhsú mar gheall ar uasghráduithe pleanáilte ar Shráid Mhargadh an Arbhair agus trí theacht ar an bPríomhshuíomh deis miondíola ar an láithreán Old Guy's. Tá an t-éileamh ar spás miondíola ar urlár na talún ag dul i méid ach ní mór tacaíocht a thabhairt dó chun beogacht tráchtála leanúnach an cheantair a chinntiú. Cé go bhfuil aghaidheanna cúnga foirgneamh agus foirgnimh ar scála beag ann, a fhágann go bhfuil roinnt úsáidí nua-aimseartha deacair chun freastal ar fhéiniúlacht iomlán an cheantair, tá gá é a neatú ionas gur féidir saibhreas seandálaíochta agus ailtireachta an limistéir a chothabháil go gníomhach.








ACA

An Meal Thuaidh / Deargmhóin



Cur síos ar an Limistéar

1.148

Lonnaithe idir an dá phríomhbhealach, Cainéil Thuaidh agus Theas na Laoi, is riasc é an ceantar go bunúsach. Taispeánann léarscáileanna luatha cainéil uisce idirmheánacha comhthreomhara feadh Shráid Anraí agus Shráid na Síorach atá líonta isteach agus/nó atá linteir os a chionn anois. Tá an scairp chreagach ar theorainn an cheantair ó thuaidh atá mar theorainn chúil na maoin feadh an Mheál Thuaidh. Tá an taobh thoir den limistéar in aice leis an ACA den Phríomhshráid Thuaidh, atá dírithe ar an iar-chathair mheánaoiseach mhúrtha. Ar an taobh thiar, tá an muineál níos cúinge de thalamh cothrom, íseal ina bhfuil Paráid na Díge agus an Mhuirdíog.

1.149

Go luath sa 19ú haois le Sráid Sheoirse Mhór (Sráid Washington anois) rinneadh an Riasc bunaidh a ghearradh tríd de réir dearadh aontaithe ag an Uasal Thomas Deane chun an Paráid Mhór a nascadh le Cé Lancaster agus Bóthar an Iarthair.

1.150

Tá an grúpa is mó de thithe móra agus meánmhéide ón 18ú haois i gCorcaigh san ACA, na tithe is mó ar an dá bhruach den Chuisle Thuaidh (An Meal Thuaidh agus Plás Grenville), na tithe is lú feadh Shráid na Síorach chomh maith le grúpa deartha tábhachtach foirgneamh aontaithe ar Shráid Washington Thiar. Is é an foirgneamh is mó agus is suntasaí ná Iar-Theach an Ardmeára a tógadh i lár an 18ú haois, agus atá in úsáid mar Ospidéal na Trócaire ó lár an 19ú haois.

Athraíonn carachtar an cheantair cóngarach don Chuisle Theas áit ina maireann líon suntasach de na struchtúir thionsclaíocha.

Ráiteas maidir le Carachtar

1.151

Tá tábhacht ailtireachta ag baint leis ó thaobh ailtireachta agus staire de, agus tá tábhacht ailtireachta tionsclaíochta ag baint leis an gceantar cóngarach don Chuisle Theas. Tá sé struchtúrtha mar shraith de spásanna líneacha a ritheann go ginearálta soir-siar comhthreomhar leis na cainéil abhann. Ar imeall thuaidh an cheantair, tá tithe sraithe móra Seoirseacha sa spás lár-Sheoirseach atá dírithe ar an gCuisle Thuaidh, agus sa lár, tá na hiar-uiscebhealaí inlfonta ar Shráid Anraí agus Sráid na Síorach líonta le meascán de thithe níos lú ón 18ú haois agus tús an 19ú haois.

1.152

Tá na sraitheanna tithe bríce aontaithe ar mhórsála d'fhoirgnimh thráchtála agus chónaithe úsáide measctha a thóg na Coimisinéirí um Shráideanna Leathana, agus ó dheas tá na hiarláithreáin thionsclaíocha atá buailte leis an gCuisle Theas, m.sh. na struchtúir éagsúla a bhaineann leis an Hive Iron Works. Tá ról tábhachtach ag Ospidéal Ollscoile na Trócaire i bhforbairt éabhlóideach an cheantair.



Tíopeolaíocht Foirgníochta


1.153

Is gnách go mbíonn foirgnimh tógtha le ballaí brablacha nó brící plástrálte péinteáilte, roinnt acu le sclátaí ag cumhdach na n-ingearchlónna nochta (mar atá ag Cé Fenn). Nuair a choinníonn siad na bailchríocha agus na gnéithe bunaidh, tá díonta de sclátaí cloiche nádúrtha orthu, gáitéir agus píopaí láidre báistí déanta as miotal teilgthe agus doirse agus fuinneoga péinteáilte agus déanta as adhmaid, agus go leor dea-shamplaí de ráillí agus geataí iarainn. Troscán sráide stairiúil agus pábháil marthanach, mar bhallaí cé chloiche, céimeanna aolchloiche agus colbhaí,

Saincheisteanna


1.154

Inmharthanacht tráchtála, folúntas agus tréigthe, tuilte, agus trácht ag dul tríd an gceantar agus ag tabhairt cuairte ar an ospidéal.



ACA

Sráide Oilibhéir Pluincéid



Cur síos ar an Limistéar

1.155

Tá an ceantar seo dírithe feadh na haise soir-siar de Shráid Oilibhéir Pluincéid. Ar an taobh thoir tá Plás Parnell agus an Pharáid Mhór ar an taobh thiar. Mar theorainn, tá Sráid Phádraig/Sráid Maylor ó thuaidh freisin, agus an Meal Theas ó dheas.

Ráiteas maidir le Carachtar

1.156

Chomh maith lena suntas ailtireachta, tá suíomh Bhaile Nua Chorcaí, leagtha amach sa bhliain 1715, ar Shráid Oilibhéir Pluincéid. Léiríonn an tsráid, a ainmníodh ar dtús i ndiaidh an Rí Seoirse, foirm nua de dhearadh sráide, aonfhoirmeach agus díreach, le sráideanna taobh níos lú ag rith ó thuaidh-ó dheas. Tá an dearadh ar an tsráid cosúil leis an gceann a fheictear i mBaile Nua de Dhún Éideann. Tá coirnéil chothroma ag lár na sráide, timpeall ar limistéar Ard-Oifig an Phoist, a chruthaíonn spás lárnach a chuireann le tábhacht chathartha na sráide.

1.157

Sráid a bhí tiomnaithe do thrádáil a bhí i Sráid Oilibhéir Pluincéid agus tá sí fós ag freastal ar an gcuspóir seo sa lá atá inniu ann. Tá sé fós mar chroílár earnáil tráchtála na cathrach breis is 200 bliain tar éis don tsráid a bheith leagtha amach i bhformáid an Bhaile Nua ar dtús.

Tíopeolaíocht Foirgníochta

1.158

Tá foirgnimh le 2-3 bhá ar an tsráid den chuid is mó, ach tá roinnt eisceachtaí ann, mar shampla Keane's Jewellers, cé gur gnách go mbíonn airde an fhoirgnimh idir 3 agus 5 stór. Is i dtreo úsáidí tráchtála a bhíonn úsáidí urlár na talún don tsráid, agus spásanna oifige agus cónaithe ar na hurláir uachtaracha. Is gnách go mbíonn plástar péinteáilte ar na hingearchlónna seachtracha, agus tá roinnt gnéithe suntasacha sna foirgnimh, mar shaisfhuinneoga sleamhnáin adhmaid, cineálacha éagsúla imchásálacha fuinneoga agus dorais, roinnt coirnisí, agus cásanna dorais le feanléasanna.

**1.159**

Tá roinnt foirgneamh ar scála mór suite feadh na sráide agus cuireann siad seo áis fóillíochta agus siopadóireachta ar fáil, chomh maith le seirbhísí a sholáthar.

Tá roinnt foirgneamh institiúideach ar an tsráid freisin; is samplaí suntasacha iad an eaglais Úinitéireach, atá fós in úsáid inniu, Ard-Oifig an Phoist, Keane's Jewellers, Winthrop Arcade agus Poitigéir Minihan's /Bar HI-B.

Saincheistean

1.160

Tá an tsráid ag fulaingt de bharr saincheistean ar nós urláir fholmha nó urláir uachtair tearcúsáidte. Tá spás oifige agus stórais nach bhfuil in úsáid tar éis dul i bhfeidhm ar úsáid chónaithe a bhí ann tráth. Tá roinnt foirgneamh tréigthe feadh na sráide chomh maith le roinnt láithreán tréigthe agus foirgnimh atá i ndroch-staid. Toisc go bhfuil an tsráid suite i lár na cathrach, ciallaíonn sé go bhfuil éileamh ar spás urláir mór agus go gcuirfí foirgnimh le chéile chun méideanna spáis urláir a mhéadú.







ACA

Sráid Phóil



Cur síos ar an Limistéar

1.161

Tá Limistéir Chaomhantais Ailtireachta Shráid Phóil suite idir Cé Lavitt, Sráid Mhargadh an Arbhair, Sráid na Leathghealaí, Sráid an Acadaimh agus Sráid Phádraig. Is limistéar tráchtála é den chuid is mó, le béim ar mhiondíol agus ar shiamsaíocht tráthnóna. Ba limistéar iata de riasc é roimhe seo a raibh eiseacha na Laoi ar an teorainn aige, agus choinnigh an ceantar a patrún sráide ón 18ú haois den chuid is mó.

Ráiteas maidir le Carachtar

1.162

Is í Sráid Phóil an príomhbhealach trasna an iar-oileáin seo, le foirgnimh ón 18ú haois ar an taobhlíne, ar cheapacha mionscála agus foirgnimh níos mó ón 19ú haois den chuid is mó eatarthu. Tá roinnt foirgneamh níos mó ón 19ú haois sa cheantar a bhfuil fiúntas ailtireachta suntasach ag baint leor agus roinnt foirgneamh ón 20ú haois a bhfuil luach ailtireachta teoranta acu. Cuimsítear ann freisin an Cheathrú Úgónach atá comhdhéanta de Shráid Phóil, Sráid Theampall na bhFrancach agus Lána Uí Chiara.

1.163

Tá suntas seandálaíochta ag baint leis an gceantar toisc go bhfuil sé suite laistigh de Chrios Tánaisteach um Acmhainneacht Seandálaíochta don Chathair. Tá dhá iontráil ann ar Thaifid na Séadchomharthaí agus na nÁiteanna (RMP), suíomh na reilig Úgónaí (CO074-111) agus Eaglais Naomh Phóil (CO074-03502) agus a reilig ghaolmhar (CO074-03501).

1.164

Ina theannta sin, tá tábhacht stairiúil, ailtireachta agus sóisialta ag baint leis an gceantar mar gheall ar a nasc leis na hUgónaigh agus mar cheann de na chéad limistéir a fuarthas ar ais ó na riasca lasmuigh den chathair mhúrtha mheánaoiseach. Coinníodh patrún bunaidh na sráide ón 18ú haois agus tá samplaí ann de chineálacha foirgneamh ó na tréimhsí éagsúla d'fhorbairt na cathrach: ó thithe luatha an 18ú haois ar Shráid Phóil, trádstórais cloiche ón 19ú haois ar Lána Uí Chiara agus Sráid Theampall na bhFrancach, na heaglaisí Naomh Phóil, Naomh Pheadair agus Phóil agus an iar-eaglais Mheitidisteach ar Shráid Theampall na bhFrancach.

1.166

Go traidisiúnta, is iondúil go bhfuil na foirgnimh is lú sa cheantar, bídís tí, tráchtála nó tionsclaíochta, ag dul siar go tús an 18ú haois agus tús an 20ú haois, tógtha le ballaí brablach nó brící plástráilte péinteáilte. Nuair a choinníonn siad na bailchríocha agus na gnéithe bunaidh, tá díonta de sclátaí cloiche nádúrtha orthu, gáitéir agus píopaí láidre báistí déanta as miotal teilgte agus doirse agus fuinneoga péinteáilte agus déanta as adhmaid.

Saincheistean

1.167

Tá an ceantar faoi bhrú méadaitheach le haghaidh athfhorbartha mar gheall ar a shuíomh i lár na cathrach agus éileamh ar phlátaí urláir móra agus foirgnimh a chomhcheangal, mar shampla le haghaidh úsáidí miondíola, tithe tábhairne agus bialainne.

Tíopeolaíocht Foirgníochta

1.165

Tá an ceantar saibhir go háirithe ó thaobh séipéil agus foirgnimh eaglasta de shainchreidimh éagsúla agus tá go leor stíleanna ailtireachta éagsúla ann. Cuimsíonn siad seo iar-Eaglais agus reilig Naomh Phóil ón 18ú haois, an iar-Eaglais Mheitidisteach atá sách measartha suite ar Shráid Theampall na bhFrancach, na Scoileanna agus Preispitéir Pheadair & Phóil ilchromatach mórthaibhseach eaglais iontach Chaitliceach Pheadair & Phóil leis na hailtirí E.W. Pugin agus George Ashlin.



ACA

Teachíní Iarnróid

1-13 Sráid Anglesea

1.168

Ardán de 13 teach dhá bhá dhá stór suite i cul-de-sac, tógtha timpeall 1865-1868. Cé go bhfuil siad athraithe agus nuachóirithe tá siad tábhachtach mar chuid de ghrúpa a choinníonn carachtar dúchasach, fiú tuaithe agus atá tábhachtach do scála baile an cheantair.



ACA

Bóthar Bhaile na Carraige 18-20


1.169

Sraith de 3 theach dhá bhá dhá stór le háiléar, tógtha timpeall 1870. Tá siad suntasach mar gheall ar a n-ábhar tógála d'aolchloch agus gaineamhchloch geal Chorcaí, a bhaineann de ghnáth le struchtúir atá i bhfad níos mó. Is codarsnacht suimiúil é an sraith tithe seo laistigh de Bhóthar Rockboro a bhfuil líneáilte go ginearálta le tithe rindreáilte.



ACA

An Seandún



Cur síos ar an Limistéar

1.170

Tá an ceantar dírithe ar Shráid an tSeandúin, ar a dtugtaí Lána Mala ar dtús, a shíneann ó Dhroichead an Gheata Thuaidh, an bealach isteach go dtí an chathair mheánaoiseach, go géar suas an cnoc go dtí an 'Ardeaglais Thuaidh', Ardeaglais Chaitliceach Mhuire agus Anna, lena thúr mór, a léiríonn an pointe a thrasnaítear an iomaire leis an mbóthar ó thuaidh amach as an gcathair.

1.171

Tá an ceantar teoranta ó thuaidh ag an Ardeaglais Thuaidh, ar an taobh theas ag Cuisle Thuaidh na Laoi, ar an taobh thoir ag gleann Abhainn na Tiníleach,

ar a ritheann seachbhóthar nua na Linne Duibhe agus ar an taobh thiar de na lánaí thart ar limistéar an mhargaidh eallaigh a bhí ann roimhe seo ar an talamh ardaithe os cionn Shráid na Blarnan.

Ráiteas maidir le Carachtar

1.172

Is ceantar é an Seandún a bhfuil tábhacht shóisialta, eacnamaíoch, chultúrtha agus reiligiúnach ag baint leis i gCathair Chorcaí.

Tá an ceantar dlúth, ina bhfuil raon ilghnéitheach gníomhaíochtaí ina chuid foirgneamh ón 18ú agus 19ú haois chomh maith le go leor struchtúr níos déanaí. Is ceantar é a choinníonn fós a phatrún stairiúil de shráideanna, lánaí agus de chéimeanna cé go bhfuil

mórán athraithe feicthe ann le blianta beaga anuas. Tá tithe oibrithe ón 18ú haois suite taobh le forbairtí inlíonta nua-aimseartha agus tugann foirgnimh shuntasacha cosúil an Firkin Crane, an Ardeaglais Thuaidh agus túr Shéipéal Naomh Anna féiniúlacht uathúil don cheantar agus taispeántar a láithreach ar spéirlíne na cathrach.

1.173

Is é an bealach lárnach sa cheantar ná Sráid an tSeandúin a shíneann ó Dhroichead an Gheata Thuaidh suas go dtí an Ardeaglais Thuaidh. Is sráid ghnóthach siopadóireachta í ina bhfuil siopaí beaga agus tithe tábhairne cúnga den chuid is mó, agus roinntear an limistéar ina dhá chuid ar leith, ceann amháin ar an taobh thiar agus an ceann eile soir, gach ceann acu le carachtar agus stair ar leith.

1.174

Tá an limistéar thoir ina raibh Sráid Sheáin Réamainn, Sráid an, Mhalartáin, Sráid Dhoiminic agus Sráid na hEaglaise ag feidhmiú mar an príomhlimistéar trádála nuair a bhí an tSeandúin faoi lánshéol mar áit thábhachtach maidir le trádáil soláthair agus easpórtáil ime. Bhí baint stairiúil ag na tailte leis an trádáil eallaigh siar ó Shráid an tSeandúin agus ó thuaidh de Shráid na Blarnan, nuair a bhí eallach á thabhairt go imeall na cathrach, á gcoimeád ar thalamh atá clúdaithe le tithe ón 20ú haois anois, sular díoladh iad sa mhargadh eallaigh, á marú agus á n-ullmhú lena chaitheamh nó á leasú lena onnmhairiú ar bord long.

Tíopeolaíocht Foirgníochta

1.175

Tá go leor stíleanna ailtireachta baile sa ghréasán dlúth sráideanna, lánai, áirse agus céimeanna, a ritheann ar fud an tSeandúin, cé go bhfuil aithne níos fearr ar an gceantar mar gheall ar na foirgnimh stairiúla iomráiteacha tábhachtacha, lena n-áirítear an Firkin Crane, iar-Mhargadh ime (an tIonad Ceardaíochta anois), Tithe Almsan an Scidí, Séipéal San Anna, a túr, atá b'fhéidir mar íomhá shainiúil na cathrach.

1.176

Mar is gnách sa cheantar, is iondúil go dtógtar foirgnimh le spallaí nó brící, rindreáilte agus péinteáilte de ghnáth. Is léir éagsúlacht na stíleanna ailtireachta nuair a chuirtear san áireamh scálaí, airde agus foirmeacha éagsúla na bhfoirgneamh atá ann. Ní hionann iad agus na tithe sraithe trí stór a fuarthas ar Cé Pope agus ar Shráid Eoin Uachtarach

, agus na tithe dhá bhá, dhá stór den chuid is mó ar na sráideanna cúnga agus na lánai cúnga a thrasnaíonn an ceantar. Tá dea-shamplaí de thithíocht cheardaithe dhúchasach luath le fáil ar Lána Waggett agus sa dréimire sráideanna idir Sráid Sheáin Réamainn agus Sráid Dhoiminic. Tá roinnt samplaí breátha d'éadanais siopaí adhmaid traidisiúnta sna foirgnimh thráchtála trí stór atá líneáilte ar Shráid an tSeandúin.

1.177

Gné shainiúil d'oidhreacht ailtireachta an cheantair is ea foirgnimh bheanna ón 18ú haois agus is annamh anois iad taobh amuigh de chathair Chorcaí. Tá samplaí luatha díobh seo le fáil ag foirceann uachtair Shráid an tSeandúin agus tá sraith de thithe cónaithe dhá stór, dhá bhá le héadan beannach ar Shráid Phroinsias. Tá roinnt samplaí ann freisin d'ailtireacht mhaith le déanaí lena n-áirítear roinnt scéimeanna tithíochta inlíonta príobháideacha agus údarais áitiúla atá deartha go tarraingteach agus ar scála mór, fianaise gur féidir le ceantair éabhlóidiú agus urraim á léiriú ag an am céanna ar a gcarachtar stairiúil. Sa chás gur choinnigh foirgnimh a ngnéithe agus a bailchríocha bunaidh, tá aghaidheanna plástráilte péinteáilte acu, díonta de sclátaí cloiche nádúrtha, earraí uisce báistí d'iarann teilgte, agus doirse adhmaid péinteáilte agus saisfhuinneoga.

Saincheistean

1.178


Go príomha mar gheall ar thithíocht dhlúth, leagan amach sráide agus topagrafaíocht an cheantair, tá an poitéinseal do spásanna oscailte poiblí teoranta sa Seandún. Tá pleananna ann áfach páirceanna poiblí a chur ar fáil sna reiligí a bhaineann le Séipéal Naomh Anna, rud a chuirfidh go mór le taitneamhacht an cheantair. Tá daonra neamhbhuan sách ard aige agus tá méadú ar thithíocht iláitíochta ar cíos, mar aon le nádúr cúng agus sriantach leagan amach na sráide, tar éis cur leis an bhfadhb atá ann cheana féin maidir le deacracht páirceála do chónaitheoirí áitiúla. Tá sé tábhachtach go gcuirfí feabhas ar an scéal seo chun níos mó cónaitheoirí fadtéarmacha a spreagadh. Tá droch-bhail ar na foirgnimh shuntasacha ar Shráid an tSeandúin nó tá siad tréigthe le blianta beaga anuas. Bainfidh an Chomhairle Cathrach leas as a cuid cumhachtaí chun cabhrú le tuilleadh tréigthe a chosc agus ag an am céanna an cás reatha a réiteach trí spreagadh a thabhairt d'oibreacha oiriúnacha forbartha agus deisiúcháin chun léiriú cuí a dhéanamh ar charachtar an cheantair.





ACA

An Chuisle Theas



Cur síos ar an Limistéar

1.179

